2023/2524

24.11.2023

CINNEADH (AE) 2023/2524 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Lúnasa 2023

maidir le Státchabhair SA.34001 (2017/C) arna cur chun feidhme ag Ríocht na Spáinne ar son Telecom Castilla La Mancha SA

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C (2023) 5414)

(Is é an leagan Spáinnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(2), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a) de,

Ag féachaint d'Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ([1]),

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na n-airteagal sin ([2]), agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) I mí na Nollag 2011, fuair an Coimisiún gearán inar líomhnaíodh gur dheonaigh rialtas Réigiún Féinrialaitheach Castilla-La Mancha (JCCM) Státchabhair don chuideachta Telecom Castilla La Mancha SA (Telecom CLM), oibreoir cumarsáide leictreonaí atá gníomhach i réigiún Castilla-La Mancha, le dámhachtain conartha do thógáil agus oibriú líonra leathanbhanda bhunúsaigh gan sreang (an beart).

(2) D'iarr an Coimisiún ar Ríocht na Spáinne barúlacha a thabhairt i leith an ghearáin thuasluaite an 16 Eanáir 2012. Sheol Ríocht na Spáinne faisnéis chuig an gCoimisiún an 12 Márta 2012. Chuir an Coimisiún tuilleadh ceisteanna an 21 Meitheamh 2012, dar thug Ríocht na Spáinne freagra an 25 Iúil 2012. Sheol Ríocht na Spáinne tuilleadh faisnéise an 3 Aibreán 2013, an 24 Meitheamh 2014, an 4 Iúil 2016 agus an 18 Iúil 2016. Chuir an Coimisiún tuilleadh ceisteanna an 17 Eanáir 2017, dar thug Ríocht na Spáinne freagra an 3 Feabhra 2017.

(3) Le litir dar dáta an 19 Iúil 2017, chuir an Coimisiún Ríocht na Spáinne ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a thionscnamh i leith na cabhrach líomhnaithe (an cinneadh tosaigh).

(4) Foilsíodh an cinneadh tosaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach.

(5) Chuir Ríocht na Spáinne barúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh isteach i litir dar dáta an 22 Meán Fómhair 2017.

(6) Fuair an Coimisiún barúlacha ó pháirtí leasmhar amháin, Telecom CLM, an 6 Samhain 2017. Chuir an Coimisiún na barúlacha sin ar aghaidh chuig Ríocht na Spáinne, ar tugadh deis di barúlacha a chur isteach. Chuir Ríocht na Spáinne an Coimisiún ar an eolas le litir dar dáta 15 Eanáir 2018 nach raibh aon bharúil aici.

([1]) IO L 248, 24.9.2015, lch. 9.
([2]) Státchabhair — An Spáinn — Státchabhair SA.34001 (2017/C) — Cabhair líomhnaithe do Telecom Castilla-La Mancha — Cuireadh chun barúlacha a chur isteach de bhun Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO C 336, 6.10.2017, lch. 20).
([3]) Féach fonóta 2.

(7) Le litir dar dáta an 21 Nollaig 2018, chuir an Coimisiún tuilleadh ceisteanna ar Ríocht na Spáinne. D'fhreagair Ríocht na Spáinne na ceisteanna sin le litir a fuarthas an 11 Feabhra 2019.

2. TUAIRISC MHIONSONRAITHE AR AN MBEART

2.1. An comhthéacs

(8) Bhí ráta fódúcháin an bhonneagair leathanbhanda i réigiún Castilla-La Mancha, in aghaidh an áitritheora, faoi bhun mheán na Spáinne ([4]). Cé is moite de cheirtleáin an réigiúin, Toledo, Ciudad Real, Albacete, Cuenca agus Guadalajara, bhí ráta fódúcháin leathanbhanda an réigiúin (idir mhóibíleach agus fhosaithe) i bhfad ní b'ísle ná an chuid eile den tír ([5]).

(9) Dá bhrí sin, sna blianta roimh an mbeart, rinne JCCM iarracht bonneagar leathanbhanda an réigiúin a fhorbairt agus feabhas a chur ar choinníollacha rochtana leathanbhanda sa réigiún iomlán, lena n-áirítear i lonnaíochtaí iargúlta agus scaipthe, trí pháirt a ghlacadh i gcláir forbartha bonneagair náisiúnta éagsúla. D'ainneoin rannpháirtíocht JCCM sna cláir sin, fós ní raibh cumhdach iomlán leathanbhanda bhunúsaigh sa réigiún in 2010. I bhfianaise an mhéid sin, dhearbhaigh JCCM go raibh soláthar na rochtana sin ar leathanbhanda do chónaitheoirí uile an réigiúin ina thosaíocht agus dhear sé tionscadal chun na críche sin.

2.2. Cuspóir an bhirt

(10) Ba é ba chuspóir don bheart cumhdach leathanbhanda bhunúsaigh a áirithiú (luas íoslódála dhá mheigighiotán in aghaidh an tsoicind (Mbps) ar a laghad d'úsáideoirí deiridh) do na limistéir áitrithe uile i réigiún Castilla-La Mancha nach raibh aon bhonneagar leathanbhanda ann nó nár dhócha go bhforbrófaí é sa ghearrthéarma, i.e., áiteanna a bheadh ina limistéir 'bhána' de réir bhrí Threoirlínte Leathanbhanda 2009, a bhí infheidhme an tráth sin ([6]). Chun na críche sin, tuaradh sa tionscadal go bhforbródh oibreoir tríú páirtí (arna ainmniú de bhun nós imeachta tairisceana oscailte) líonra leathanbhanda bhunúsaigh agus go n-oibreodh sé é ar feadh fhad an tionscadail, fad a gheobhadh JCCM úinéireacht an líonra. Bhí sé beartaithe go sainráiteach go soláthródh an tairgeoir seirbhísí miondíola d'úsáideoirí deiridh (seirbhísí rochtana ar an idirlíon agus prótacal idirlín guthaithe), chomh maith le forbairt agus oibriú an líonra. Bhí oibriú an líonra le háirithiú ar phriacal an tairgeora rathúil, nár mhór cothabháil an líonra a áirithiú agus na costais oibriúcháin uile a chumhdach. Ní bhfaigheadh JCCM aon ioncam ó oibriú an líonra ach ní bheadh air aon chostas a chumhdach ina leith sin ach oiread.

2.3. An tionscadal agus an buiséad

(11) An 13 Bealtaine 2010 d'eagraigh JCCM nós imeachta tairisceana oscailte agus d'fhógair sé cuireadh chun tairisceana in Iris Oifigiúil Castilla-La Mancha chun líonra leathanbhanda bhunúsaigh a sholáthar, lena n-áirítear forbairt agus oibriú an bhonneagair riachtanaigh in 478 sprioclimistéar, ar dtús, a laghdaíodh go dtí 461 sprioclimistéar tar éis anailís mhargaidh (féach aithris (12) thíos). Bhí na cuideachtaí uile a bhí cláraithe mar oibreoirí teileachumarsáide le Coimisiún Margaidh Teileachumarsáide na Spáinne (CMT) i dteideal tairiscint a chur isteach. Ba cheantair thuaithe bardas i réigiún Castilla-La Mancha iad an 461 sprioclimistéar agus bhí meándaonra de 35 áitritheoir iontu ([7]). Dá bhrí sin, cumhdaíodh daonra foriomlán de thart ar 16 000 áitritheoir leis an tionscadal. Bhí measúnú le déanamh ag 'Mesa de Contratación' ag an Aireacht Réigiúnach um Thionscal, Fuinneamh agus an Comhshaol ar na tairiscintí ([8]).

([4]) 17,1 % i réigiún Castilla-La Mancha i gcomparáid le 20,7 % sa Spáinn ina foriomlán, féach tuarascáil *Comisión del Mercado de las Telecomunicaciones* an 23 Meitheamh 2011, MTZ 2010/2249, ar leathanach 6, le fáil ag: https://www.cnmc.es/sites/default/files/1505025_7.pdf.

([5]) Féach tuarascáil *Comisión del Mercado de las Telecomunicaciones* an 23 Meitheamh 2011, MTZ 2010/2249, leathanach 7, le fáil ag: https://www.cnmc.es/sites/default/files/1505025_7.pdf.

([6]) Teachtaireacht ón gCoimisiún — Treoirlínte an Chomhphobail maidir le cur i bhfeidhm rialacha maidir leis an Státchabhair i ndáil le cur chun feidhme gasta líonraí leathanbhanda (IO C 235, 30.09.2009, lch. 7) (Treoirlínte Leathanbhanda 2009).

([7]) Féach tuilleadh eolais, aithrisí (15)-(20) thíos le haghaidh tuairisc ar na critéir dhámhachtana a cuireadh i bhfeidhm mar chuid den phróiseas tairisceana.

([8]) Comhdhéanamh 'Mesa de Contratación': Uachtarán, an tArd-Stiúrthóir sa roinn um Shochaí Faisnéise agus Teileachumarsáid laistigh den Aireacht; ceathrar comhaltaí: ionadaí amháin ón Ard-Oifig Iniúchóireachta, ionadaí amháin ó Sheirbhís Dlí na hAireachta Réigiúnaí, beirt ionadaithe ón roinn um Shochaí Faisnéise agus Teileachumarsáid.

(12) Chun na sprioclimistéir a shainaithint, rinne JCCM anailís mhargaidh lenar sainaithníodh na limistéir a cumhdaíodh le líonraí leathanbhanda a bhí ann cheana féin i réigiún Castilla-La Mancha agus na limistéir nach raibh aon líonra leathanbhanda iontu. Bhí an anailís mhargaidh bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas i gcomhairliúcháin dhéthaobhacha leis na hoibreoirí leathanbhanda uile arbh eol do JCCM go raibh siad gníomhach sa réigiún ([9]). Leis an bhfaisnéis sin, bhíothas in ann an bonneagar a bhí ann cheana a mhapáil agus nochtadh pleananna oibreoirí leathanbhanda um chur in úsáid bonneagair faoi cheann 3 nó 4 bliana. Thairis sin, rinne JCCM anailís ar na Pleananna Cur Chun Feidhme Críochacha uile a chuir oibreoirí líonra a bhí cláraithe le CMT isteach sna blianta roimhe sin ([10]). Thángthas ar an gconclúid san anailís mhargaidh nach raibh aon líonra leathanbhanda bhunúsaigh sna sprioclimistéir cheana féin agus nach raibh aon infheistíocht i bhforbairt leathanbhanda beartaithe sna limistéir sin sna 3 nó 4 bliana tar éis na gcomhairliúchán sin.

(13) Bhí trí staidéar déanta ag JCCM roimhe sin ar na costais mheasta le haghaidh cur chun feidhme líonra leathanbhanda bhunúsaigh lena n-áiritheofaí cumhdach don réigiún foriomlán, ar cuireadh na tuarascálacha i ndáil leis na staidéir sin faoi bhráid JCCM i mí na Samhna 2008, Deireadh Fómhair 2009 agus Feabhra 2010. Léiríodh sna staidéir gurbh é réiteach leathanbhanda gan sreang an rogha ba shaoire, lena mbainfeadh costas measta idir EUR 17 milliún agus EUR 20 milliún. Ós rud é gur EUR 16 mhilliún an buiséad uasta a bhí le fáil don tionscadal, rinneadh an 461 sprioclimistéar a roinnt ina 311 limistéar cumhdaigh éigeantacha agus 150 limistéar roghnach breise. Rinneadh na sprioclimistéir a roinnt ina limistéir éigeantacha agus roghnacha de réir mhéid an daonra. Bhí 12 áitritheoirí ar a laghad sa 311 sprioclimistéar éigeantacha, agus bhí ní ba lú ná 12 áitritheoirí sna sprioclimistéir roghnacha uile.

(14) Sholáthair an Aireacht um Chomhshaol agus Gnóthaí Tuaithe agus Muirí (MARM) agus JCCM na cistí ina gcodanna cothroma, sholáthair siad beirt EUR 8 milliún ón mbuiséad náisiúnta agus réigiúnach, faoi seach. Bhí na cistí beartaithe do chur chun feidhme an tionscadail seo i gcomhaontú comhair idir MARM agus JCCM ar chlár forbartha tuaithe inbhuanaithe a síníodh an 12 Samhain 2009.

(15) Leagadh amach agus míníodh go mion na critéir dhámhachtana a d'úsáid JCCM sna 'Sonraíochtaí Riaracháin Speisialta' agus sna 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta' a bunaíodh sular foilsíodh an cuireadh chun tairisceana. Rinneadh foráil maidir le córas scórála suas le 100 pointe leis na critéir dhámhachtana. D'fhéadfaí 64 phointe san iomlán a bhaint amach ach 'critéir oibiachtúla' a chomhlíonadh, amhail an líon teaghlach breise a chumhdófaí leis an líonra nua, cáilíocht na seirbhísí miondíola a thairgfí, an méid cistí ba ghá, etc. D'fhéadfaí 36 phointe san iomlán a bhaint amach le 'critéir shuibiachtúla', cás ina ndearna JCCM measúnú ar an méid seo a leanas: (i) an réiteach teicneolaíochta molta, (ii) an bonneagar molta agus bainistíocht fadhbanna, (iii) an méid cúnaimh agus tacaíochta molta ag an tairgeoir sa phróiseas a bhain leis an líonra a thabhairt ar ais do JCCM tar éis don chonradh dul in éag, (iv) tairiscint cheangailteach fhéideartha chun an líonra a cheannach ó JCCM tar éis don chonradh dul in éag agus, (v) an leibhéal sonraíochtaí a thairg an tairgeoir ina phlean chun an líonra a thabhairt ar ais.

(16) Léiríodh na hualuithe a tugadh do gach critéar dámhachtana sna 'Sonraíochtaí Riaracháin Speisialta', ina sonraíodh an t-uaslíon pointí arbh fhéidir a bhaint amach i gcás gach critéir agus fochritéir dámhachtana.

(17) A mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla an líonra leathanbhanda bhunúsaigh, cheangail JCCM sna doiciméid tairisceana go mbeadh íosráta tarchuradóireachta 2 Mbps de luas íoslódála, a bheifí in ann a uasghrádú chuig 4 Mbps ar a laghad, agus 512 Kbps de luas uaslódála ann faoin gcumhdach uile éigeantach. Shocraigh sé an t-aga folaigh uasta ag 150 ms agus an giodam uasta ag 30 ms. Bhí ar an líonra 20 % ar a laghad den luas ainmniúil conarthach a ráthú le linn buaic-amanna ([11]). Níor cheart d'fhad na mbuaic-amanna sin, ina mbeadh luas traschuradóireachta íseal in aghaidh an úsáideora deiridh, a bheith níos mó ná 2 uair an chloig in aghaidh an lae. Níor mhór do na méideanna sonraí a bhí ar fáil do chustaiméirí deiridh a bheith neamhtheoranta.

([9]) I measc na n-oibreoirí a ndeachthas i gcomhairle leo bhí Abertis Telecom S.A., Telefónica España S.A., Telecom CLM, IberBand S.A., Radio Banda Ancha, Ensinca Networks S.L. agus na hoibreoirí líonraí móibíleacha Orgedor, Yoigo, Vodafone España S.A.U. agus Telefónica Móviles S.A.

([10]) Bhí ceangal dlí ar na hoibreoirí leathanbhanda uile i réigiún Castilla-La Mancha Plean Cur Chun Feidhme Líonra Críochach a chur faoi bhráid JCCM gach bliain in éineacht le tuarascáil lena dtabharfaí tuairisc ar shuíomh an ghléasra a bhí ann cheana agus sceideal le haghaidh an ghléasra nua uile a bhí beartaithe.

([11]) Faoi na Sonraíochtaí Teicniúla Tairisceana: *'Ní mór a áirithiú, le linn tráthanna a bhfuil iomaíocht uasta ann d'úsáideoirí (buaic-amanna), íosráta 20 % in aghaidh an úsáideora deiridh den luas ainmniúil a ndearnadh conradh ina leith agus ní bheidh teorainn leis an méid tráchta a sheolann nó a dhíluchtaíonn an t-úsáideoir i gcás ar bith.'*

(18) Anuas air sin, cheangail JCCM ar an tairgeoir prótacal idirlín guthaithe a thairiscint ([12]) agus pointe idirnaisc líonra a sholáthar, áit a dtabharfaí rochtain mhórdhíola ar an líonra do thríú oibreoirí. I gclásal 4.2 de na 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta', chuir JCCM tairgeoirí faoi oibleagáid seirbhísí rochtana mórdhíola a thairiscint agus a áirithiú go mbeadh oibreoirí cumarsáide leictreonaí eile in ann seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh den cháilíocht, iontaofacht agus infhaighteacht chéanna a sholáthar d'úsáideoirí deiridh sna sprioclimistéir ar an leibhéal miondíola agus a ceanglaíodh sna 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta'. Bhí ar an tairgeoir rathúil an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a chur chun feidhme laistigh de 1 bhliain amháin ó shíniú an chonartha.

(19) Rinneadh idirdhealú sna sonraíochtaí teicniúla de na doiciméid tairisceana idir dhá chomhpháirt éagsúla den líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhí le cur chun feidhme: (i) an 'líonra rochtana' agus (ii) an 'líonra iompair'. Sainmhíníodh an líonra rochtana mar an chuid den líonra leathanbhanda idir an nód rochtana agus an t-úsáideoir deiridh. Sainmhíníodh an líonra iompair mar an chuid den líonra leathanbhanda idir croí-nóid an oibreora agus an trealamh rochtana. D'fhéadfadh an líonra rochtana a bheith sreangaithe nó gan sreang agus bhí ar an tairgeoir rathúil an trealamh uile ba ghá a sholáthar, cé is moite de threalamh úsáideora deiridh. Níor mhór don líonra iompair a bheith ina líonra ilseirbhíse a d'fhéadfaí a úsáid chun seirbhísí cumarsáide leictreonaí seachas seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh a sholáthar freisin.

(20) Thairis sin, rinneadh foráil i sonraíochtaí teicniúla na ndoiciméad tairisceana maidir le hathúsáid an bhonneagair a bhí ann cheana, lena n-áirítear an bonneagar a úsáideadh don aistriú ó theilifís analógach trastíre go teilifís dhigiteach trastíre i réigiún Castilla-La Mancha (bonneagar DTT).

(21) De réir údaráis na Spáinne, bhí nasc sa chuireadh chun tairisceana in Iris Oifigiúil Castilla-La Mancha chuig suíomh gréasáin de JCCM ([13]), ar ar soláthraíodh na 'Sonraíochtaí Riaracháin Speisialta' agus na 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta' agus áiríodh ann freisin leathanach 'Ceisteanna Coitianta'. De réir údaráis na Spáinne, liostaíodh ar an suíomh gréasáin sin ceisteanna agus freagraí a bhain leis an nós imeachta tairisceana oscailte agus áiríodh ann liosta de na bonneagair a úsáideadh chun an Plean Aistrithe chuig Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) a chur chun feidhme, chomh maith le faisnéis teagmhála a n-úinéirí, a raibh ceangal conarthach orthu rochtain ar an mbonneagar sin a dheonú do na tairgeoirí uile chun líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhunú. ([14])

(22) Fuair JCCM cúig thairiscint. Chomhlíon dhá thairiscint, ó Telecom CLM agus Telefónica España S.A. (Telefónica), na ceanglais theicniúla uile agus rinneadh scrúdú orthu sa nós imeachta roghnúcháin.

(23) Tairgeadh i dtairiscint Telecom CLM réiteach gan sreang bunaithe ar theicneolaíocht WIMAX i gcomhair 100 % de na sprioclimistéir éigeantacha agus thart ar 56 % de na sprioclimistéir roghnacha bhreise. Maidir leis na limistéir roghnacha eile, mhol Telecom CLM réiteach satailíte. Tairgeadh leis an gcomhcheangal cumhdach leathanbhanda bhunúsaigh le haghaidh na sprioclimistéar uile (éigeantach agus roghnach) a sonraíodh sna doiciméid tairisceana. Thairg Telecom CLM go mbunódh agus go n-oibreodh sé líonra ar EUR 15,85 milliún agus fuair sé 1,76/10 pointe maidir leis an gcritéar praghais sa nós imeachta roghnúcháin.

(24) Cé nár chomhlíon an réiteach satailíte a thairg Telecom CLM i gcomhair thart ar 44 % de na sprioclimistéir roghnacha na ceanglais theicniúla maidir le haga folaigh uasta agus giodam uasta, bhí tairiscint Telecom CLM inghlactha toisc nach raibh feidhm ag na ceanglais theicniúla sin ach maidir leis na sprioclimistéir éigeantacha (féach aithris (17) thuas) agus, i gcomhair na sprioclimistéar éigeantach, bhí tairiscint Telecom CLM bunaithe ar theicneolaíocht WIMAX, lenar áirithíodh gur comhlíonadh na ceanglais sin.

([12]) Is éard is prótacal idirlín guthaithe ann modh chun cumarsáid ghutha agus seisiún ilmheán a sheachadadh thar líonraí Prótacail Idirlín, amhail an t-idirlíon. Tagraíonn an téarma, dá réir sin, do sholáthar seirbhísí cumarsáide thar an idirlíon, seachas tríd an líonra poiblí lasctheileafóin.

([13]) www.jccm.es/contratacion: ní raibh fáil ar an suíomh gréasáin a thuilleadh tráth an imscrúdaithe fhoirmiúil agus níorbh fhéidir a ábhar a dheimhniú, dá bhrí sin.

([14]) Bhí an ceangal sin sna Comhaontuithe Comhair idir JCCM agus údaráis áitiúla, arbh iad úinéirí fhormhór an bhonneagair éighníomhaigh ábhartha iad, cheana féin. Tugadh na comhaontuithe sin i gcrích le haghaidh an aistrithe ó theilifís analógach trastíre chuig DTT agus rinneadh foráil leo maidir le ceanglas na mbardas rochtain ar an mbonneagar sin a dheonú i gcás ina gcuirfí aon líonra leathanbhanda chun feidhme sa todhchaí. Ba iad Telecom CLM agus Abertis Telecom S.A. úinéirí eile an bhonneagair éighníomhaigh ábhartha eile, tairbhithe de chabhair DTT, a raibh na ceangail chéanna orthu ina gconarthaí dámhachtana cabhrach DTT.

(25) Rinneadh foráil sa tairiscint ó Telecom CLM maidir le pointe idirnaisc a bhunú in Toledo agus bhí téarmaí agus coinníollacha inti maidir le rochtain ar an líonra a dheonú d'oibreoirí líonra tríú páirtí. Fuair Telecom CLM 76,13/100 pointe san iomlán (44,93 pointe le haghaidh 'critéir oibiachtúla' agus 31,2 pointe le haghaidh 'critéir shuibiachtúla'). Áiríodh leis sin 0/7 pointe le haghaidh an chritéir dámhachtana maidir le praghas rochtana mórdhíola toisc go raibh na praghsanna rochtana mórdhíola a thairg Telecom CLM ní b'airde ná iad siúd a thairg Telefónica.

(26) Tairgeadh le tairiscint Telefónica réiteach teicneolaíochta measctha lenar moladh go gcumhdófaí an 311 sprioclimistéar éigeantacha uile le teicneolaíocht WIMAX (le haghaidh 218 sprioclimistéar), teicneolaíocht xDSL (le haghaidh 58 sprioclimistéar) agus teicneolaíocht mhóibíleach 3G (le haghaidh 35 sprioclimistéar). Thairg Telefónica go gcumhdódh sé thart ar aon trian de na limistéir roghnacha, le teicneolaíocht WIMAX, fad nach gcumhdófaí thart ar dhá thrian de na limistéir sin ar chor ar bith. Thairg Telefónica, a bhí ag brath go mór ar a bhonneagar féin a bhí aige cheana le haghaidh líonraí móibíleacha, an líonra a bhunú agus a oibriú ar EUR 16 mhilliún agus fuair sé 46,22/100 pointe san iomlán (26,07 pointe le haghaidh 'critéir oibiachtúla' agus 20,15 pointe le haghaidh 'critéir shuibiachtúla'). Áiríodh leis sin 0/10 pointe le haghaidh an chritéir praghais agus 2/7 pointe le haghaidh an chritéir dámhachtana maidir le praghas rochtana mórdhíola.

(27) An 17 Lúnasa 2010, tar éis an nós imeachta roghnúcháin, dhámh JCCM an conradh do Telecom CLM le haghaidh EUR 15,85 milliún. An 13 Meán Fómhair 2010 shínigh JCCM agus Telecom CLM an conradh. Thosaigh Telecom CLM ag oibriú an líonra an 19 Meán Fómhair 2012.

(28) Fuair Telecom CLM EUR 15,85 milliún i 5 thráthchuid idir an 20 Aibreán 2012 agus an 26 Samhain 2012.

(29) Dhá uair, chuir Telecom CLM feabhas, ar bhonn deonach, ar fheidhmíocht an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhí soláthartha aige faoin gconradh. Bhí éifeacht ag an gcéad uasghrádú ón 28 Aibreán 2016, lenar feabhsaíodh an luas íoslódála íosta go 5 Mbps. Bhí éifeacht ag an dara huasghrádú ón 4 Bealtaine 2018, lenar feabhsaíodh an luas íoslódála íosta go 10 Mbps.

(30) Níor tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an mbeart.

2.4. **Fad**

(31) Bhí an conradh i bhfeidhm ar feadh 5 bliana, agus ghabh rogha athnuachan 2 bhliain leis, nár mhór don tairgeoir rathúil oibriú an líonra a áirithiú lena linn. Athnuadh an conradh faoi dhó, den chéad uair in 2017 ar feadh bliana go dtí Meán Fómhair 2018, agus arís in 2018 go dtí Meán Fómhair 2019.

2.5. **Tairbhí**

(32) Is é Telecom CLM an tairbhí líomhnaithe, cuideachta phríobháideach a bhfuil a ceanncheathrú in Toledo na Spáinne, a bhíonn gníomhach i soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí (teilifís, raidió agus leathanbhanda). Rialaíonn Equitix Investment Management Limited, cuideachta infheistíochta, é. Tá thart ar 45 % de scaireanna Telecom CLM i seilbh JCCM.

(33) In 2008, ba é Telecom CLM úinéir 138 lárionad teilifíse analógaí trastíre a bhí mar chuid de líonra teilifíse trastíre réigiún Castilla-La Mancha, a bhí comhdhéanta de thart ar 500 lárionad tarchuir. Faoi chuimsiú aistriú DTT, le linn 2008-2009, fuair Telecom CLM tacaíocht phoiblí (i) EUR 13,2 milliún chun a lárionaid tarchuir féin a dhigitiú trí threalamh DTT a shuiteáil, (ii) EUR 6,4 milliún chun líonra réigiún Castilla-La Mancha a oibriú agus a choinneáil ar bun agus (iii) EUR 2,26 milliún chun 20 lárionad tarchuir DTT nua a thógáil ([15]).

([15]) Ba é Telecom CLM úinéir sé cinn de na lárionaid sin agus d'athúsáid sé lárionad le haghaidh an líonra leathanbhanda bhunúsaigh.

(34) An 1 Deireadh Fómhair 2014, ghlac an Coimisiún Cinneadh C(2014) 6846 final inar chinn sé gur Státchabhair í an tacaíocht phoiblí sin a fuair Telecom CLM agus go raibh sí neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus d'ordaigh aisghabháil. ([16])

(35) In 2018, sheas an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnais an 26 Aibreán 2018 i gcásanna uamtha C-91/17 P agus C-92/17 P, *Cellnex Telecom* v *An Coimisiún*, agus an 20 Meán Fómhair 2018 i gcás C-114/17 P, *An Spáinn* v *An Coimisiún*, le cinneadh aisghabhála an Choimisiúin. ([17]) Faoin 18 Lúnasa 2022, bhí príomhshuim na cabhrach agus an t-ús gnóthaithe faoi réir an nós imeachta aisghabhála le haghaidh rolladh amach DTT i réigiún Castilla-La Mancha (SA.27408) aisíoctha ag Telecom CLM.

2.6. **Imscrúdú Choimisiún Margaidh Teileachumarsáide na Spáinne (CMT)**

(36) An 20 Nollaig 2010, thionscain CMT nós imeachta riaracháin *ex officio* chun scrúdú a dhéanamh ar choinníollacha oibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh mar a aontaíodh idir JCCM agus Telecom CLM sa chonradh a síníodh an 13 Meán Fómhair 2010, chomh maith le haon éifeacht fhrithiomaíoch fhéideartha de.

(37) Tháinig CMT ar an gconclúid ina chinneadh an 23 Meitheamh 2011 ([18]) go raibh an praghas rochtana mórdhíola ar shrutha giotán arna thairiscint ag Telecom CLM do thríú páirtithe ró-ard agus go raibh sé róghar do na praghsanna miondíola margaidh do sheirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh sa réigiún. De réir CMT, ní thairgfí leis an bpraghas rochtana mórdhíola ar shrutha giotán arna thairiscint ag Telecom CLM corrlach leordhóthanach do sholáthraithe seirbhíse miondíola tríú páirtí chun brabús iomchuí a bhaint amach dá n-úsáidfí seirbhísí rochtana mórdhíola arna soláthar ag Telecom CLM chun seirbhísí leathanbhanda miondíola a sholáthar d'úsáideoirí deiridh. Thairis sin, maidir leis na doiciméid tairisceana agus an conradh a rinneadh idir JCCM agus Telecom CLM i mí Mheán Fómhair 2010, fuair CMT nach raibh aon chlásal aisghlámtha iontu sin lena n-áiritheofaí nach bhfaigheadh an tairgeoir roghnaithe róchúiteamh dá bhfásfadh an t-éileamh ar na seirbhísí leathanbhanda sa limistéar os cionn na leibhéil tuartha trína cheangal air na róbhrabúis a aisíoc.

(38) Ina chinneadh an 23 Meitheamh 2011, d'ordaigh CMT (i) do Telecom CLM an praghas rochtana a bhí le híoc ag tríú páirtithe as rochtain mhórdhíola ar shrutha giotán a ísliú agus (ii) do JCCM clásal aisghlámtha a thabhairt isteach sa chonradh a síníodh le Telecom CLM i mí Mheán Fómhair 2010, lena gceanglófaí ar Telecom CLM an céatadán d'aon róbhrabús a bhí coibhéiseach leis an sciar a léiríodh le EUR 15,85 milliún de chostais iomlána an tionscadail a aisíoc.

2.7. **Praghsanna rochtana mórdhíola leasaithe agus meicníocht aisghlámtha**

(39) Thairg Telecom CLM rochtain mhórdhíola ar shrutha giotán ar an líonra chun go mbeadh oibreoirí tríú páirtí in ann seirbhísí leathanbhanda miondíola a sholáthar d'úsáideoirí deiridh sna sprioclimistéir, seirbhísí lena gcomhlíonfaí na ceanglais maidir le cáilíocht, iontaofacht agus infhaighteacht le haghaidh seirbhísí miondíola mar a leagtar síos sna sonraíochtaí tairisceana. Tar éis chinneadh CMT go raibh an praghas mórdhíola a thairg Telecom CLM ar dtús (EUR 34,50) róghar do na praghsanna miondíola a thairg sé féin d'úsáideoirí deiridh (EUR 37,50) agus ní b'airde freisin ná praghsanna rochtana mórdhíola ar shrutha giotán eile san earnáil, rinne Telecom CLM athbhreithniú ar a thairiscint ar rochtain mhórdhíola ar shrutha giotán, leasaigh sé í agus laghdaigh sé an praghas uirthi le héifeacht ón 15 Iúil 2011, chuir sé faoi bhráid CMT agus JCCM í, agus d'fhormheas siadsan í an 29 Iúil 2011.

(40) Bhí an praghas rochtana mórdhíola ar shrutha giotán a cuireadh isteach arís laghdaithe go EUR 23,70 ó EUR 34,50, ar laghdú de 31,3 % é, rud a d'fhág go raibh praghsanna rochtana mórdhíola á gcur i bhfeidhm a bhí 36,8 % ní b'ísle ná praghsanna miondíola Telecom CLM.

([16]) Cinneadh C(2014) 6846 final ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2014 maidir le státchabhair SA.27408 (C 24/2010) (ex NN 37/2010, ex CP 19/2009) arna cur chun feidhme ag údaráis Castile-La Mancha le haghaidh cur chun feidhme teilifíse digití trastíre i limistéir iargúlta agus is lú uirbithe in Castile-La Mancha (Rolladh amach DTT in Castilla-La Mancha; SA.27408, 01.10.2014), le fáil ag http://ec.europa.eu/competition/state_aid/cases/237771/237771_1657032_272_4.pdf.

([17]) Breithiúnais na Cúirte an 26 Aibreán 2018 i gcásanna uamtha C-91/17 P agus C-92/17 P, *Cellnex Telecom* v *An Coimisiún*, EU:C:2018:284, agus an 20 Meán Fómhair 2018 i gcás C-114/17 P, *An Spáinn* v *An Coimisiún*, EU:C:2018:753.

([18]) *Resolución relativa al procedimiento de imposición de condiciones para la explotación de una red de banda ancha en zonas rurales de la Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha* (MTZ 2010/2249), an 23 Meitheamh 2011, le fáil ag: https://www.cnmc.es/sites/default/files/1505025.pdf.

(41) Níor áiríodh sna doiciméid tairisceana ar dtús an ceanglas maidir le meicníocht aisghlámtha toisc gur measadh go raibh sé iomarcach ós rud é go bhfuarthas nár dhócha go mbeadh an méid uasta cabhrach EUR 16 mhilliún leordhóthanach chun an líonra a chur chun feidhme agus nár dhócha go mbeadh an tionscadal brabúsach don tairbhí, dá bhrí sin. Mar sin féin, chinn CMT gur cheart do JCCM meicníocht aisghlámtha a fhorchur ar Telecom CLM ionas go mbeadh air céatadán den róbhrabús a bheadh coibhéiseach leis an gcéatadán a léireofaí leis an gcabhair a fuarthas i ndáil leis an infheistíocht iomlán a thabhairt ar ais do JCCM, i gcás méadú ar an éileamh nó athrú ar na figiúirí gnó as a n-eascródh athrú ar bhrabúis ó oibriú an líonra a bheadh ní ba mhó ná na meánbhrabúis a bhaintear amach san earnáil.

(42) Dá bhrí sin, chuir JCCM an mheicníocht aisghlámtha seo a leanas faoi bhráid CMT:

'Sa phlean gnó a áiríodh sa tairiscint ar dámhadh an conradh seo ar a bonn, measadh gur 10 % den spriocphobal a bheadh i ráta glactha na seirbhíse leathanbhanda. Ar a bhonn sin, tá coinne leis gur 6,3 % den bhuiséad dámhachtana conartha (EUR 15 845 301,84) a bheidh sa láimhdeachas bliantúil.

Le linn na chéad ráithe de gach bliain féilire a chomhfhreagraíonn do thréimhse oibrithe an líonra, déanfar athbhreithniú ar ráta glactha na seirbhíse leathanbhanda a thairgtear do spriocphobal an chonartha. De bhua an athbhreithnithe sin, cuirfear na critéir aisghlámtha seo a leanas i bhfeidhm:

(1) Má bhíonn ráta glactha na seirbhíse cothrom le 12 % den spriocphobal, nó níos lú, ní chuirfear aisghlámadh i bhfeidhm.

(2) Má bhíonn ráta glactha na seirbhíse níos mó ná 12 % agus cothrom le 15 % den spriocphobal, nó níos lú ná 15 % den spriocphobal, beidh feidhm ag an riail aisghlámtha seo a leanas:

Fáltas (% den bhuiséad dámhachtana) = 0,28 x (ráta glactha (%) – 12 %)

(3) Má bhíonn ráta glactha na seirbhíse níos mó ná 15 % den spriocphobal, beidh feidhm ag an riail aisghlámtha seo a leanas:

Fáltas (% den bhuiséad dámhachtana) = 0,28 x (ráta glactha (%) – 2,8 %.'

(43) D'fhormheas CMT na hathruithe a moladh. Chuir Telecom CLM agus JCCM na bearta, a d'ordaigh CMT, chun feidhme in aguisíní leis an gconradh a síníodh i mí Mheán Fómhair 2010. Bhí feidhm ag an meicníocht aisghlámtha nua ón 1 Meitheamh 2012.

2.8. **An gearánach**

(44) Is cuideachta phríobháideach a sholáthraíonn tacaíocht do sheirbhísí craoltóireachta agus teilifíse é Difusión Herciana S.L., an gearánach, atá bunaithe i Maidrid na Spáinne.

(45) Líomhain an gearánach gur Státchabhair neamhréireach i bhfabhar Telecom CLM a bhí i ndámhachtain an chonartha do Telecom CLM. Líomhain sé nár ráthaíodh leis an nós imeachta tairisceana gur roghnaíodh an tairiscint ba thairbhí ó thaobh an gheilleagair de agus nár bailíochtaíodh idirghabháil JCCM go leordhóthanach trí chomhairliúchán poiblí iomchuí ná cleachtadh mapála. De réir an ghearánaigh, ba limistéir 'liatha' iad formhór sprioclimistéir an tionscadail i bhfírinne de réir bhrí Threoirlínte Leathanbhanda 2009, agus nár limistéir 'bhána' a bhí iontu. Thairis sin, líomhain an gearánach nach raibh an tionscadal neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de toisc gur tuaradh leis úsáid bhonneagar DTT a bhí an cheana. Ar deireadh, d'áitigh an gearánach go raibh praghsanna rochtana mórdhíola Telecom CLM ar an líonra leathanbhanda bhunúsaigh bunaithe frithiomaíoch agus cháin an gearánach nach raibh clásal aisghlámtha sa chonradh a síníodh idir JCCM agus Telecom CLM i mí Mheán Fómhair 2010.

2.9. **Forais chun an nós imeachta a thionscnamh**

(46) Sa chinneadh tosaigh, mheas an Coimisiún gur Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bhí i ndámhachtain an chonartha do Telecom CLM agus gur deonaíodh an chabhair sin de shárú ar an bhfógra agus na hoibleagáidí neamhghníomhaíochta a bhunaítear in Airteagal 108(3) CFAE. Go sonrach, mheas an Coimisiún gur tugadh, le dámhachtain an chonartha do Telecom CLM, buntáiste eacnamaíoch do Telecom CLM cé gur dámhadh an conradh de thoradh nós imeachta tairisceana oscailte.

(47) Thairis sin, dúirt an Coimisiún go raibh sé in amhras maidir le cibé an raibh dámhachtain an chonartha do Telecom CLM i gcomhréir le Treoirlínte Leathanbhanda 2009.

(48) Ar an gcéad dul síos, dhealraigh sé, de réir an Choimisiúin, nach ndeachaigh JCCM i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go poiblí i ndáil leis an infheistíocht phoiblí shonrach sin chun pleananna infheistíochta príobháideacha a bhí ann cheana nó a bheadh ann maidir leis na sprioclimistéir a shainaithint agus nach raibh déanta ag JCCM ach anailís mhargaidh chun na líonraí leathanbhanda a bhí ann cheana a shainaithint trí úsáid a bhaint as sonraí a bhí ar fáil cheana féin (féach aithris (30) den chinneadh tosaigh). Ar an dara dul síos, bhí imní ar an gCoimisiún nach raibh an próiseas tairisceana arna dhéanamh ag JCCM i gcomhréir le forálacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009, maidir le trédhearcacht agus maidir leis an tairiscint ba thairbhí ó thaobh an gheilleagair de (féach aithris (31) den chinneadh tosaigh). Ar an tríú dul síos, bhí imní ar an gCoimisiún nár chomhlíon an beart coinníoll Threoirlínte Leathanbhanda 2009, a bhain le neodracht theicneolaíoch (féach aithris (32) den chinneadh tosaigh). Ar an gceathrú dul síos, bhí imní ar an gCoimisiún nach raibh an beart i gcomhréir le ceanglais Threoirlínte Leathanbhanda 2009, maidir le rochtain mhórdhíola agus meicníocht aisghlámtha chun róchúiteamh a sheachaint (féach aithris (33) den chinneadh tosaigh). Ar deireadh, mheas an Coimisiún, i gcomhréir leis an bprionsabal a bunaíodh i gcás *Deggendorf* ([19]), nár mhór a chur san áireamh sa mheasúnú comhoiriúnachta ar an mbeart nach raibh an chabhair, ar dearbhaíodh leis an gcinneadh ón gCoimisiún i gcás SA.27408 ([20]) go raibh sé neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach, aisíoctha ag Telecom CLM go fóill an tráth sin (féach aithris (37) den chinneadh tosaigh).

(49) Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a eisiamh go raibh dámhachtain an chonartha do Telecom CLM i mí Mheán Fómhair 2010 neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

3. BARÚLACHA Ó RÍOCHT NA SPÁINNE

3.1. Barúlacha ginearálta

(50) Ina freagra ar an gcinneadh tosaigh, chuir Ríocht na Spáinne barúlacha ó JCCM isteach, lenar áitíodh, ar an gcéad dul síos, nár tugadh aon bhuntáiste eacnamaíoch do Telecom CLM agus, ar an dara dul síos, más rud é gur measadh, mar sin féin, gur deonaíodh Státchabhair, go raibh an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, toisc go raibh sé i gcomhréir le Treoirlínte Leathanbhanda 2009. Thairis sin, tá áitithe ag Ríocht na Spáinne nach mór a mheas go raibh an chabhair líomhnaithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi GBER ([21]).

3.2. Éagmais buntáiste eacnamaíoch

(51) De réir Ríocht na Spáinne, ní shainaithnítear leis an gcinneadh tosaigh an buntáiste sonrach, a líomhnaítear a fuair Telecom CLM, agus ní mhínítear leis ach an fáth nárbh fhéidir a chur as an áireamh go bhféadfadh buntáiste a bheith ann. Deir Ríocht na Spáinne go bhfuair JCCM an bonneagar nua go díreach agus go heisiach agus nach bhfuair Telecom CLM é, agus go raibh oibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh, arna dhéanamh ag Telecom CLM, i gcaitheamh na tréimhse 5 bliana neamhbhrabúsach.

(52) Deir Ríocht na Spáinne nárbh fhéidir buntáiste a bheith ann ach amháin dá mbeadh an cúiteamh arna íoc le Telecom CLM as a chuid seirbhísí ní ba mhó ná an praghas margaidh. Mar sin féin, ráthaíodh le nós imeachta tairisceana oscailte gur teorannaíodh méid na gcistí Stát ar an méid íosta a raibh gá leis chun an tionscadal a chur chun feidhme.

(53) Tá Ríocht na Spáinne den tuairim nach mór measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh buntáiste ann trí chomparáid a dhéanamh idir staid airgeadais an tairbhí tar éis an bhirt agus a staid airgeadais hipitéiseach i gcás nach mbeadh an beart déanta. Maíonn Ríocht na Spáinne nach raibh na suimeanna a íocadh le Telecom CLM faoin gconradh dáfa ní ba mhó ná na costais a bhain le cur chun feidhme an líonra leathanbhanda bhunúsaigh faoin gconradh agus nach bhfuil Telecom CLM tar éis leas a fháil as staid airgeadais níos fearr tar éis dhámhachtain an chonartha i mí Mheán Fómhair 2010, dá bhrí sin.

([19]) Breithiúnas na Cúirte an 15 Bealtaine 1997 i gcás C-355/95 P *Textilwerke Deggendorf GmbH (TWD)* v *Coimisiún na gComhphobal Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Gearmáine*, ECLI:EU:C:1997:241.

([20]) Féach fonóta 16 thuas.

([21]) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1) (GBER).

(54) Ar deireadh, admhaíonn Ríocht na Spáinne gur chuir an tacaíocht airgeadais a tugadh do Telecom CLM ar a chumas dul isteach i margadh nua. Áitíonn sí, áfach, nárbh fhéidir a mheas gurb ionann éascú dul isteach sa mhargadh agus Státchabhair má bhíonn an margadh sin neamhbhrabúsach. ([22])

3.3. **Comhoiriúnacht an bhirt faoi Threoirlínte Leathanbhanda 2009**

(55) Cuireann Ríocht na Spáinne in aghaidh anailís an Choimisiúin sa chinneadh tosaigh, agus áitíonn sí go ndearna an Coimisiún anailís ar chomhoiriúnacht an bhirt an tráth a dámhadh an conradh do Telecom CLM. Molann Ríocht na Spáinne, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an tionscadail ar an iomaíocht, gurbh é an tráth ceart don anailís tús oibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhí curtha chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2012, i.e., tar éis do JCCM agus Telecom CLM na hathruithe a d'ordaigh CMT a chur chun feidhme.

3.3.1. *Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara*

(56) A mhéid a bhaineann leis an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, maíonn Ríocht na Spáinne go ndearna JCCM comhairliúchán críochnúil leis na páirtithe uile a ndearna an beart difear dóibh, i gcomhréir le Treoirlínte Leathanbhanda 2009. Deir sí nár ceanglaíodh i dTreoirlínte Leathanbhanda 2009, murab ionann agus Treoirlínte Leathanbhanda 2013 ([23]), comhairliúchán poiblí leis na páirtithe leasmhara ach gur ceanglaíodh 'comhairliúchán críochnúil' leis na páirtithe leasmhara. De réir Ríocht na Spáinne, rinne JCCM roinnt mhaith comhairliúcháin dhéthaobhacha leis na hoibreoirí uile a bhí ag cur na seirbhísí leathanbhanda sa réigiún chun feidhme an tráth sin. Tuairiscítear go ndearnadh an chéad teagmháil idir mí Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair 2009. Bhí aithne ag JCCM ar na hoibreoirí ábhartha de bharr an cheanglais reachtúil a bhí ar oibreoirí leathanbhanda Pleananna Cur Chun Feidhme Críocha a chur isteach ar bhonn bliantúil. Measann Ríocht na Spáinne gur ghlac an Coimisiún leis an gcur chuige a bhí ag JCCM i gcásanna eile mar chomhairliúchán críochnúil de réir bhrí Threoirlínte Leathanbhanda 2009.

(57) I ndáil leis an easpa comhairliúcháin leis an ngearánach, cuireann Ríocht na Spáinne in iúl nach raibh an gearánach cláraithe mar oibreoir leathanbhanda le CMT. Tugann Ríocht na Spáinne le fios, agus tagairt á déanamh aici do ráitis a líomhnaítear go ndearna ionadaí dlíthiúil an ghearánaigh iad i gcruinniú le JCCM i mí Bealtaine 2016, nár sholáthair an gearánach seirbhísí leathanbhanda roimhe sin agus nach raibh aon spéis aige iad a sholáthar sa todhchaí.

3.3.2. *Mapáil sprioclimistéar*

(58) I bhfianaise amhras an Choimisiúin maidir leis an aicmiú a rinne JCCM ar an 461 sprioclimistéar mar sprioclimistéir 'bhána' de réir bhrí Threoirlínte Leathanbhanda 2009, a bhí bunaithe ar thorthaí CMT ina chinneadh an 23 Meitheamh 2011, athdhearbhaíonn Ríocht na Spáinne gur limistéir 'bhána' iad an 461 sprioclimistéar uile de réir bhrí Threoirlínte Leathanbhanda 2009. Míníonn Ríocht na Spáinne go raibh measúnú CMT éagsúil toisc go ndearna CMT an mhapáil ar an leibhéal bardasach amháin agus gur aicmigh sé bardais, ina raibh cumhdach leathanbhanda ag 50 % den daonra, nó ní b'airde, mar sprioclimistéir 'liatha'. Ina ionad sin, rinne JCCM anailís ar sprioclimistéir an tionscadail ar leibhéil ní ba ghráinní trí bhardais an réigiúin a fhoroinnt ina gceantair iomadúla agus iad a shainaithint mar sprioclimistéir 'bhána' ar an mbonn sin.

([22]) Sa réamh-imscrúdú, d'áitigh Ríocht na Spáinne, cé nár chuir JCCM an tionscadal ar iontaoibh Telecom CLM mar Sheirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta (SGEI), go bhféadfadh sé bearta a dhéanamh, i gcomhréir le Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (IO L 108, 24.4.2002, lch. 51) (an Treoir um Sheirbhís Uilíoch), chun soláthar seirbhísí seachas na seirbhísí a chumhdaítear faoi choincheap na seirbhíse uiliche a áirithiú, amhail seirbhísí leathanbhanda (féach aithris (11) den chinneadh tosaigh). Phléigh an Coimisiún an argóint sin agus dhiúltaigh sé í sa chinneadh tosaigh (féach aithris (20) den chinneadh tosaigh). Níor thug Ríocht na Spáinne barúil uaithi ar an bpointe sin ina cuid barúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh agus ní mhaíonn sí a thuilleadh gur cuireadh an tionscadal ar iontaoibh Telecom CLM i gcomhréir leis an Treoir um Sheirbhís Uilíoch.

([23]) Teachtaireacht ón gCoimisiún — Treoirlínte an Aontais maidir le cur i bhfeidhm rialacha maidir leis an Státchabhair i ndáil le cur chun feidhme gasta líonraí leathanbhanda (IO C 25, 26.1.2013, lch. 1) (Treoirlínte Leathanbhanda 2013).

3.3.3. *Nós imeachta roghnúcháin*

(59) Mar fhreagairt ar amhras an Choimisiúin maidir le cibé an raibh an nós imeachta tairisceana a rinne JCCM i gcomhréir le forálacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009, maidir le trédhearcacht agus maidir leis an tairiscint ba thairbhí ó thaobh an gheilleagair de, áitíonn Ríocht na Spáinne go raibh na critéir dhámhachtana 'shuibiachtúla' (36/100) treallach toisc nár sannadh iad bunaithe ar fhoirmlí matamaitice. Déanann Ríocht na Spáinne tagairt do chinntí ní ba luaithe a rinne an Coimisiún ([24]) ina meastar nár measadh go raibh na critéir dhámhachtana cháilíochtúla sin treallach agus meastar go bhfuil na critéir dhámhachtana 'shuibiachtúla' a d'úsáid JCCM sa nós imeachta tairisceana i gcomhréir leis na rialacha a bunaíodh i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais ([25]). Thairis sin, shonraigh JCCM sna doiciméid tairisceana an t-ualú coibhneasta a thabharfadh sé do gach ceann de na critéir cháilíochtúla. A mhéid a bhaineann le lochtú an Choimisiúin gur tugadh ualach íseal a don chritéar praghais laistigh den chritéar dámhachtana (10/100), tugann Ríocht na Spáinne le fios gur chuir an tairbhí líomhnaithe isteach an praghas tairisceana ab ísle de na tairiscintí nár eisíodh ón nós imeachta roghnúcháin deiridh ar na forais nár chomhlíon siad na ceanglais theicniúla maidir leis an líonra leathanbhanda bhunúsaigh agus maíonn sí gur ghlac an Coimisiún le hualach íseal don chritéar praghais i gcásanna eile ([26]). Deir Ríocht na Spáinne freisin nár shainaithin CMT aon saincheist i ndáil leis sin ina chinneadh an 23 Meitheamh 2011 agus tagraíonn sé do chinntí ba luaithe ón gCoimisiún tráth nár measadh go raibh fadhb le hualach íseal ar an gcritéar praghais. ([27])

3.3.4. *Neodracht theicneolaíoch*

(60) Maidir le neodracht theicneolaíoch an tionscadail thairgthe, measann Ríocht na Spáinne nár tugadh fabhar d'aon teicneolaíocht ná ardán líonra ar leith le dearadh an bhirt. Tagraíonn sí do na sonraíochtaí teicniúla sna doiciméid tairisceana chun a chur in iúl nár cheangail JCCM ar na tairgeoirí réiteach teicneolaíoch sonrach a chur chun feidhme. Ina ionad sin, d'iarr sé orthu an réiteach is oiriúnaí do gach limistéar críochach, dar leosan, a mholadh. Maíonn Ríocht na Spáinne go ndearna an conradh tairgthe foráil maidir le haon réiteach teicneolaíoch a mhéid a chomhlíon an réiteach sin na ceanglais theicniúla don líonra. Mar shampla, tagraíonn Ríocht na Spáinne do na réitigh theicneolaíocha éagsúla agus na comhcheangail teicneolaíochtaí a thairg an dá thairgeoir cháilitheacha sa nós imeachta tairisceana.

(61) Tugann Ríocht na Spáinne údar leis an tagairt sna doiciméid tairisceana don fhéidearthacht a bhain le hathúsáid bhonneagar DTT a bhí ann cheana de thoradh an ghá a bhí ann Treoirlínte Leathanbhanda 2009 a chomhlíonadh. Tugann Ríocht na Spáinne gur cheart do na húdaráis, faoi Threoirlínte Leathanbhanda 2009, athúsáid an bhonneagair atá ann cheana a chur san áireamh a mhéid is féidir. Cuireann Ríocht na Spáinne i dtábhacht go bhfuil an rogha chun bonneagar atá ann cheana a athúsáid tugtha do na tairgeoirí leasmhara uile agus go raibh na tairiscintí uile a fuarthas, seachas ceann amháin, ag brath ar an mbonneagar sin.

3.3.5. *Rochtain mhórdhíola agus clásal aisghlámtha*

(62) Maidir le hamhras an Choimisiúin i ndáil le comhoiriúnacht na gcoinníollacha rochtana mórdhíola a thairg Telecom CLM agus an easpa meicníochta aisghlámtha conarthaí, cuireann Ríocht na Spáinne teorainn lena barúlacha agus cuireann in iúl gur réitíodh na saincheisteanna sin faoin 29 Iúil 2011. Mar fhreagairt ar chinneadh CMT an 23 Meitheamh 2011, laghdaigh Telecom CLM a chuid praghsanna rochtana mórdhíola go mór le haghaidh tríú páirtithe agus tugadh clásal aisghlámtha isteach sa chonradh idir JCCM agus Telecom CLM.

([24]) Amhail an cinneadh maidir leis an tsaincheist i gCás T-169/00 *Esedra v An Coimisiún*, EU:T:2002:40.

([25]) Tagraíonn Ríocht na Spáinne do Chás C-513/99 *Concordia Bus Finland*, EU:C:2002:495.

([26]) Mhínigh Ríocht na Spáinne sa réamh-imscrúdú gurbh é an fáth, ar thaobh amháin, a bhain leis an ualach íseal ar an gcritéar praghais ná go bhfaigheadh JCCM an líonra agus, dá bhrí sin, gur mhó a airde ar na critéir cháilíochtúla agus nár measadh gur leor EUR 16 mhilliún, an chabhair a bhí ar fáil chun an líonra a chur chun feidhme, arbh é sin an fáth a mbeadh ról neamhthábhachtach ag an gcritéar praghais (agus coinne leis go mbeadh an méid iomlán, EUR 16 mhilliún, ag teastáil ó na tairgeoirí uile chun an líonra a chur chun feidhme) agus mar gheall air sin go dtabharfaí béim ró-ard ar an gcritéar praghais buntáiste suntasach d'oibreoirí ag a raibh bonneagar sa réigiún cheana. Tagraíonn Ríocht na Spáinne do chás N323/2009 freisin, féach fonóta 27 thíos.

([27]) Tagraíonn Ríocht na Spáinne do Chinneadh C (2009)10259 final ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2009 i gcás N323/2009 (SA.28665), Leathanbhanda i limistéir thuaithe de Asturias, cás inar dhearbhaigh an Coimisiún cabhair chomhoiriúnach a deonaíodh trí nós imeachta tairisceana inar tugadh ualach 15 phointe ar a mhéad as 90 ar an iomlán don fhachtóir praghais, in éineacht le hinmharthanacht airgeadais an tionscadail. Tá an cinneadh le fáil ag: https://ec.europa.eu/competition/state_aid/cases/231480/231480_1087482_29_1.pdf.

3.3.6. *GBER*

(63) Tá Ríocht na Spáinne den tuairim freisin go dtagann dámhachtain an chonartha, a mhéid ar Státchabhair í de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, faoi raon feidhme GBER agus go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bharr na bhforálacha a leagtar amach ann. Áitíonn Ríocht na Spáinne go bhfuil feidhm ag GBER, de bhun Airteagal 58, ar bhonn cúlghabhálach maidir le cabhair aonair neamhdhleathach agus gur comhlíonadh coinníollacha uile Airteagal 52 GBER a bhí infheidhme maidir le bearta leathanbhanda an 1 Iúil 2014, dáta theacht i bhfeidhm GBER.

3.3.7. Prionsabal chás Deggendorf

(64) Áitíonn Ríocht na Spáinne nach féidir an prionsabal a bunaíodh i gcás *Deggendorf* ([28]) a chur i bhfeidhm sa mheasúnú comhoiriúnachta ar an mbeart cabhrach. Dá bhrí sin, toisc nach raibh an chabhair, ar dhearbhaigh an Coimisiún go raibh sé neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach sa chinneadh i gcás SA.27408 ([29]), aisíoctha ag Telecom CLM, níor cheart a mheas go bhfuil sé sin ábhartha don mheasúnú comhoiriúnachta ar an mbeart.

4. **BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA**

(65) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an gcinneadh tosaigh ó pháirtí leasmhar amháin, tairbhí líomhnaithe na cabhrach, Telecom CLM.

4.1. **Barúlacha ginearálta**

(66) Díríonn Telecom CLM a chuid argóintí ar na pointí céanna a rinne Ríocht na Spáinne den chuid is mó. Ar an gcéad dul síos, áitíonn Telecom CLM nach bhfuair Telecom CLM aon bhuntáiste eacnamaíoch. Ar an dara dul síos, measann Telecom CLM nach raibh an beart roghnaitheach agus nach ndearna sé difear don trádáil idir na Ballstáit. Ar an tríú dul síos, áitíonn Telecom CLM, fiú dá mba ghá dámhachtain an chonartha a mheas mar Státchabhair, go mbeadh sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 106(2) CFAE agus Cinneadh 2005/842/CE ón gCoimisiún (Cinneadh SGEI 2005) ([30]), faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE agus Treoirlínte Leathanbhanda 2009, chomh maith le GBER.

4.2. **Éagmais cabhrach de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE**

4.2.1. *Buntáiste eacnamaíoch*

(67) Áitíonn Telecom CLM gur ghníomh iontaoibhe í dámhachtain an chonartha do Telecom CLM i mí Lúnasa 2010 agus síniú an chonartha arna dhéanamh ag Telecom CLM agus JCCM i mí Mheán Fómhair 2010, gníomh lenar chuir JCCM foráil SGEI ar iontaoibh Telecom CLM. Bunaithe ar an gcinneadh sin, áitíonn Telecom CLM go raibh feidhm ag na prionsabail a bhunaigh an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *Altmark* ([31]) maidir leis an gcúiteamh a d'íoc

([28]) Féach fonóta 19 thuas.
([29]) Féach fonóta 16 thuas.
([30]) Cinneadh 2005/842/CE ón gCoimisiún an 28 Samhain 2005 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 86(2) de Chonradh CE maidir le Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú, (IO L 312, 29.11.2005, lch. 67) (Cinneadh SGEI 2005).
([31]) Breithiúnas na Cúirte an 24 Iúil 2003 i gcás C-280/00 *Altmark Trans GmbH agus Regierungspräsidium Magdeburg* v *Nahverkehrsgesellschaft Altmark GmbH*, ECLI:EU:C:2003:415.

JCCM le Telecom CLM i ndáil le soláthar an SGEI aontaithe. Áitíonn Telecom CLM freisin gur comhlíonadh na ceithre choinníoll uile ([32]) a bhunaigh an Chúirt Bhreithiúnais in *Altmark*, agus arbh é sin an fáth nár bhuntáiste eacnamaíoch do Telecom CLM é dámhachtain an chonartha agus nár Státchabhair é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(68) Ina mhalairt de chás, áitíonn Telecom CLM nach bhfuair sé aon bhuntáiste eacnamaíoch toisc (i) go bhfuair JCCM féin an bonneagar leathanbhanda a bhí curtha chun feidhme, (ii) go raibh nós imeachta tairisceana oscailte ann chun an tairbhí a roghnú a rinneadh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, (iii) nach raibh staid airgeadais Telecom CLM ní b'fhearr tar éis dhámhachtain an chonartha ná a bheadh sé d'uireasa dhámhachtain an chonartha agus (iv) go raibh an margadh ar a bhfuair Telecom CLM rochtain ní b'éasca neamhbhrabúsach. Ar deireadh, áitíonn Telecom CLM, fiú má bhí buntáiste eacnamaíoch ann, nár shainaithin an Coimisiún é.

4.2.2. *Roghnaíocht, saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit*

(69) A mhéid a bhaineann le ceanglais eile Airteagal 107(1) CFAE, cuireann Telecom CLM i gcoinne an áitimh go raibh dámhachtain an chonartha roghnaitheach, gur shaobh sé, nó go raibh bagairt ann go saobhfadh sé, an iomaíocht agus go ndearna sé difear don trádáil idir na Ballstáit, ar an mbonn nár éirigh leis an gCoimisiún a léiriú ná a mhíniú go leordhóthanach an fáth ar comhlíonadh na coinníollacha sin.

4.3. **Comhoiriúnacht na cabhrach líomhnaithe**

(70) Tá Telecom CLM den tuairim go raibh an chabhair líomhnaithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

4.3.1. *Airteagal 106(2) CFAE agus Cinneadh SGEI 2005*

(71) Áitíonn Telecom CLM, fiú dá measfadh an Coimisiún nach bhfuil ceithre choinníoll *Altmark* uile comhlíonta ag dámhachtain an chonartha do Telecom CLM, go raibh sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 106(2) CFAE agus Cinneadh SGEI 2005. Áitíonn Telecom CLM gur chuir JCCM soláthar SGEI ar a iontaoibh le síniú an chonartha i mí Mheán Fómhair 2010 agus nach raibh EUR 15,85 milliún de chúiteamh a íocadh le Telecom CLM ní ba mhó ná na costais a thabhaigh Telecom CLM agus na hoibleagáidí seirbhíse poiblí sa chonradh á ndéanamh aige. De réir Telecom CLM, bhí an conradh faoi raon feidhme Chinneadh SGEI 2005 toisc go raibh meánláimhdeachas bliantúil Telecom CLM roimh cháin sa 2 bhliain roimh dhámhachtain an chonartha faoi bhun na tairsí EUR 100 milliún agus bhí an méid cúitimh a fuair Telecom CLM faoi bhun na tairsí EUR 30 milliún a leagtar síos i gCinneadh SGEI 2005.

4.3.2. *Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE agus Treoirlínte Leathanbhanda 2009*

(72) Maidir le barúlacha Telecom CLM maidir le comhoiriúnacht dhámhachtain an chonartha faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE agus Treoirlínte Leathanbhanda 2009, tugtar leis na barúlacha sin nach mór na hargóintí céanna a d'áitigh Ríocht na Spáinne ina freagra ar an gcinneadh tosaigh.

([32]) Is iad seo a leanas ceithre choinníoll *Altmark*:
Ní mór oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheith le comhlíonadh ag an ngnóthas faighteora iarbhír agus ní mór na hoibleagáidí sin a bheith sainithe go soiléir;
Ní mór na paraiméadair ar ar a mbonn a ríomhtar an cúiteamh a bhunú roimh ré ar bhealach oibiachtúil trédhearcach chun nach dtabharfaí buntáiste eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith i bhfabhar an ghnóthais faighteora in ionad gnóthais iomaíocha;
Ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais uile nó cuid de na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach á gcur san áireamh; agus
Más rud é, maidir leis an ngnóthas atá le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, i gcás sonrach, nach roghnaítear é de bhun nós imeachta soláthair phoiblí trína bhféadfaí an tairgeoir atá in ann na seirbhísí sin a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, ní mór an leibhéal cúitimh is gá a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear modhanna iompair leordhóthanacha dó ionas go bhfuil sé in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh.

(73) Tá barúlacha Telecom CLM maidir le mapáil na sprioclimistéar a rinne JCCM agus na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara nach mór mar an gcéanna le hargóintí Ríocht na Spáinne ar a dtugtar achoimre i ranna 3.3.1 agus 3.3.2 thuas.

(74) Maidir leis an nós imeachta tairisceana oscailte arna dhéanamh ag JCCM, áitíonn Telecom CLM go raibh an úsáid a bhain JCCM as na critéir dhámhachtana *cháilíochtúla* i gcomhréir le rialacha maidir le soláthar poiblí agus le Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33]) go háirithe chomh maith le Treoirlínte Leathanbhanda 2009. Áitíonn Telecom CLM go mbaineann an Coimisiún míbhrí as coincheap *na tairisceana is mó buntáiste eacnamaíoch* toisc go measann sé gurb ionann sin agus an *praghas is ísle*. Tá na hargóintí uile eile nach mór mar an gcéanna le haighneacht Ríocht na Spáinne ar a dtugtar achoimre i roinn 3.3.3 thuas.

(75) Maidir le barúlacha Telecom CLM maidir le neodracht theicneolaíoch na tairisceana, an oibleagáid i ndáil le rochtain mhórdhíola agus an clásal aisghlámtha, tá siad sin nach mór mar an gcéanna le haighneacht Ríocht na Spáinne ar a dtugtar achoimre i ranna 3.3.4 agus 3.3.5 thuas freisin.

4.3.3. *GBER*

(76) Áitíonn Telecom CLM freisin go raibh an beart faoi réir chur i bhfeidhm cúlghabhálach GBER agus gur comhlíonadh ceanglais uile GBER ar dháta theacht i bhfeidhm GBER an 1 Iúil 2014. Tá Telecom CLM den tuairim nár eisíodh cur i bhfeidhm GBER maidir le Telecom CLM de bharr aisghabháil gan íoc na cabhrach neamhdhleathaí a deonaíodh dó i gcás SA.27408 ([34]). Áitíonn Telecom CLM i ndáil leis sin nach bhfuil feidhm ag Airteagal 1(4), pointe (a), GBER, ach amháin maidir le scéimeanna cabhrach agus ba bheart aonair é an beart. Thairis sin, an 1 Iúil 2014, tráth theacht i bhfeidhm GBER agus tráth a chur i bhfeidhm maidir leis an mbeart, dá réir, níorbh ann d'ordú gnóthaithe i ndáil le Státchabhair neamhdhleathach i gcás SA.27408 toisc nár glacadh an cinneadh críochnaitheach in éineacht leis an ordú gnóthaithe i gcás SA.27408 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2014.

4.3.4. *Prionsabal chásdlí Deggendorf*

(77) Áitíonn Telecom CLM nach raibh an chabhair a fuair sé i gcás SA.27408 ná a haisíoc ábhartha i ndáil le comhoiriúnacht an bhirt. Tá Telecom CLM den tuairim freisin nár ghá an chabhair neamhdhleathach a fuarthas i gcás SA.27408 a aisíoc toisc go raibh an trealamh craoltóireachta DTT uile a bhí i seilbh Telecom CLM aistrithe aige chuig JCCM faoi mhí na Bealtaine 2013.

5. **MEASÚNÚ AR AN MBEART**

5.1. **Státchabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE**

(78) De réir Airteagal 107(1) CFAE 'aon chabhair arna deonú ag Ballstát nó arna deonú trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit'.

(79) Dá bhrí sin, chun go mbeadh beart cáilithe mar Státchabhair, ní mór na coinníollacha carnacha seo a leanas a chomhlíonadh: (i) ní mór 'gnóthas' a bheith i dtairbhí an bhirt, (ii) ní mór an beart a dheonú le hacmhainní Stáit agus ní mór é a bheith inchurtha i leith an Stáit, (iii) ní mór go dtabharfaí leis an mbeart buntáiste eacnamaíoch don ghnóthas, (iv) ní mór an buntáiste eacnamaíoch a bheith roghnaitheach, (v) agus tá éifeacht ag an mbeart ar an trádáil agus iomaíocht.

5.1.1. *Gnóthas*

(80) Maidir le gnóthais de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, is eintitis iad atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, ainneoin a stádais dhlíthiúil agus an bealach a maoinítear iad ([35]).

([33]) Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO L 134, 30.4.2004, lch. 114).

([34]) Féach fonóta 16 thuas.

([35]) Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 10 Eanáir 2006 i gcás C-222/04, *Cassa di Risparmio di Firenze SpA agus Eile*, EU:C:2006:8, mír 107.

(81) Is é Telecom CLM tairbhí díreach an bhirt.

(82) An 17 Lúnasa 2010 dámhadh conradh ar Telecom CLM chun líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhunú agus a oibriú i gceantair thuaithe bardas nach ndearnadh freastal orthu i réigiún Castilla-La Mancha, conradh EUR 15,85 milliún. Bhí ar Telecom CLM bonneagar líonra leathanbhanda bhunúsaigh a fhorbairt agus a bhunú do JCCM agus tugadh dó an ceart chun an líonra sin a oibriú go ceann 5 bliana ar dtús. Cuireadh síneadh bliana leis an gceart sin chun an líonra a oibriú faoi dhó go dtí mí Mheán Fómhair 2019.

(83) Bhain Telecom CLM úsáid dhíreach as an mbonneagar chun seirbhísí mórdhíola a sholáthar do chuardaitheoirí agus seirbhísí leathanbhanda miondíola, lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe, a sholáthar d'úsáideoirí deiridh sna sprioclimistéir. Is gníomhaíocht eacnamaíoch é sin. Meastar, dá bhrí sin, gur gnóthas é Telecom CLM de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

5.1.2. *Acmhainní stáit agus a mhéid atá siad inchurtha i leith an Stáit*

(84) Cuimsítear le hacmhainní an Stáit acmhainní uile na hearnála poiblí ([36]), lena n-áirítear acmhainní eintiteas in-stáit (dílárathe, cónasctha, réigiúnach nó eile) ([37]) agus, in imthosca áirithe, acmhainní comhlachtaí príobháideacha. I gcás ina ndeonaíonn údarás poiblí buntáiste do thairbhí, tá an beart inchurtha i leith an Stáit, fiú má tá neamhspleáchas dlíthiúil ag an údarás i gceist ar údaráis phoiblí eile.

(85) Sa chás seo, fuair an beart seo cómhaoiniú ó rialtas náisiúnta na Spáinne agus JCCM, eintiteas in-stáit agus údarás poiblí ar an leibhéal réigiúnach agus deonaíodh é trí thairiscint a d'eagraigh JCCM. Tagann an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, gur trí acmhainní Stáit a deonaíodh an beart agus go raibh sé inchurtha i leith Ríocht na Spáinne.

5.1.3. *Buntáiste eacnamaíoch*

(86) Is é is buntáiste ann, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, aon tairbhe eacnamaíoch nach bhféadfadh gnóthas a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, in éagmais idirghabháil ón Stát ([38]).

5.1.3.1. Níor cuireadh soláthar SGEI ar iontaoibh Telecom CLM

(87) De réir chásdlí *Altmark* ([39]), ní hionann maoiniú Stáit chun SGEI a sholáthar de réir bhrí Airteagal 106(2) CFAE agus buntáiste chun críocha Airteagal 107(1) CFAE, ar choinníoll go gcomhlíontar ceithre phríomhchoinníoll ([40]).

(88) Is iad seo a leanas ceithre choinníoll Altmark:

(1) Ní mór oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheith le comhlíonadh ag an ngnóthas faighteora iarbhír agus ní mór na hoibleagáidí sin a bheith sainithe go soiléir;

(2) Ní mór na paraiméadair ar ar a mbonn a ríomhtar an cúiteamh a bhunú roimh ré ar bhealach oibiachtúil trédhearcach chun nach dtabharfaí buntáiste eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith i bhfabhar an ghnóthais faighteora in ionad gnóthais iomaíocha;

(3) Ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais uile nó cuid de na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach á gcur san áireamh; agus

(4) Más rud é, maidir leis an ngnóthas atá le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, i gcás sonrach, nach roghnaítear é de bhun nós imeachta soláthair phoiblí trína bhféadfaí an tairgeoir atá in ann na seirbhísí sin a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, ní mór an leibhéal cúitimh is gá a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus ag a bhfuil dóthain acmhainní ionas go bhfuil sé in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh.

([36]) Breithiúnas na Cúirte Céadchéime an 12 Nollaig 1996 i gcás T-358/94, *Air France v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:1996:194, mír 56
([37]) Breithiúnas na Cúirte Céadchéime an 6 Márta 2002 i gcásanna uamtha T-92/00 agus 103/00, *Territorio Histórico de Álava agus Eile v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2002:61, mír 57.
([38]) Breithiúnas na Cúirte an 29 Aibreán 1999 i gcás C-342/96, *An Spáinn v An Coimisiún*, ECLI:EU:C:1999:210, mír 41.
([39]) Féach fonóta 31 thuas.
([40]) Féach fonóta 32 thuas.

(89) Maidir le soláthar agus comhlíonadh SGEI, ar sainmhíniodh a oibleagáidí go soiléir, leis an gcéad choinníoll ceanglaítear nach mór go mbeadh sé sin curtha go foirmiúil ar iontaoibh tairbhí sásra cistiúcháin Stáit le haghaidh SBEI.

(90) Níl Ríocht na Spáinne den tuairim, áfach, gur dámhadh SGEI (féach roinn 3.2 thuas). Áitíonn Telecom CLM gur ghníomh iontaoibhe í dámhachtain an chonartha lenar chuir JCCM foráil SGEI ar iontaoibh Telecom CLM (féach aithris (67) thuas).

(91) Toisc gur ann do ghníomh iontaoibhe de bhun chéad choinníoll *Altmark* a luaitear thuas, ceanglaítear nach mór cúram seirbhíse poiblí a shannadh le gníomh, a d'fhéadfadh a bheith ina chonradh. Mar sin féin, ní mór a shonrú leis an ngníomh sin na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú agus na socruithe chun róchúiteamh a sheachaint agus a aisghabháil, ar a laghad, i measc rudaí eile ([41]).

(92) Ní raibh aon chlásal aisghlámtha sa chonradh idir JCCM agus Telecom CLM agus dá réir sin ní raibh aon socrú ann chun róchúiteamh a sheachaint ná a aisghabháil. Ionchorpraíodh meicníocht aisghlámtha sa chonradh i mí Iúil 2011 mar fhreagairt d'idirghabháil CMT, i.e., beagnach 1 bhliain amháin tar éis dhámhachtain agus shíniú an chonartha i mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair 2010, faoi seach.

(93) Thairis sin, ní thagraítear sa chonradh a dámhadh do Telecom CLM do shannadh SGEI ná oibleagáidí seirbhíse poiblí eile do Telecom CLM agus ní leagtar amach ann na paraiméadair chun an cúiteamh atá le híoc le Telecom CLM as oibriú SGEI a ríomh, a rialú ná a athbhreithniú. Tugtar le fios leis sin freisin nach raibh sé beartaithe ag JCCM SGEI ná oibleagáidí seirbhíse poiblí eile a shannadh do Telecom CLM agus an conradh á dhámhadh. Ní féidir a mheas, dá bhrí sin, gur chuir JCCM cur chun feidhme oibleagáidí seirbhíse poiblí ar iontaoibh Telecom CLM nuair a bhí an conradh tairgthe á dhámhadh agus á shíniú.

(94) Ós rud é go bhfuil na ceithre chritéar Altmark carnach, mura gcomhlíontar aon cheann de na critéir sin, measfar gur buntáiste é an cúiteamh de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Ós rud é nach gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de cheithre chritéar Altmark sa chás seo, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach mór, dá bhrí sin, diúltú don argóint gur shann JCCM soláthar SGEI do Telecom CLM tríd an gconradh a dámhadh.

5.1.3.2. Dámhachtain an chonartha mar bhuntáiste eacnamaíoch

(95) Dhámh JCCM conradh do Telecom CLM chun líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhunú, líonra a bhí le fáil go díreach ag JCCM, agus chun an líonra sin a oibriú ar phriacal eacnamaíoch Telecom CLM féin go ceann 5 bliana agus féidearthacht ann síneadh 2 bhliain eile a chur leis an tréimhse sin. Dámhadh EUR 15,85 milliún ar Telecom CLM, a íocadh i gcúig thráthchuid idir an 20 Aibreán 2012 agus an 26 Samhain 2012, tar éis bhunú an bhonneagair leathanbhanda bhunúsaigh a thabhairt i gcrích.

(96) Dá bhrí sin, anuas ar an méid a deonaíodh le haghaidh cur chun feidhme an líonra leathanbhanda bhunúsaigh, a bhfuair JCCM é, fuair Telecom CLM an ceart chun an líonra a oibriú ar feadh 5 bliana ar a laghad agus, dá réir sin, bhí an ceart aige leas a bhaint as na tairbhí eacnamaíocha a bhain le húsáid an líonra sin le haghaidh soláthar seirbhísí mórdhíola agus seirbhísí miondíola araon.

(97) Bunaithe ar na sonraisc arna n-eisiúint ag Telecom CLM do JCCM i bpróiseas cur chun feidhme an líonra leathanbhanda bhunúsaigh, agus i bhfianaise na staidéar a rinne JCCM ar chostais maidir le cur chun feidhme líonra leathanbhanda bhunúsaigh sna sprioclimistéir (féach aithris (13) thuas), agus i bhfianaise aighneachtaí Ríocht na Spáinne agus Telecom CLM, measann an Coimisiún gur cumhdaíodh i bprionsabal leis an bpraghas EUR 15,85 milliún, a dámhadh don chonradh, na costais do bhunú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh. Mar sin féin, ní hamháin gur chuir Telecom CLM an líonra chun feidhme, bhí sé in ann leas a bhaint as tairbhí eacnamaíocha an líonra leathanbhanda bhunúsaigh, i.e., soláthar tráchtála seirbhísí rochtana mórdhíola d'oibreoirí cumarsáide leictreonaí chomh maith le seirbhísí miondíola leathanbhanda bhunúsaigh d'úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear seirbhísí prótacail idirlín guthaithe, ar feadh 5 bliana ar a laghad.

([41]) Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair a chur i bhfeidhm ar chúiteamh arna dheonú as seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne a sholáthar (IO C 8, 11.1.2012, lch. 4) ag mír 52.

(98) Faigheann oibreoirí a bhaineann úsáid as bonneagar, dá dtugtar cabhair, chun seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh buntáiste má thugtar dóibh tairbhe eacnamaíoch, nach mbeadh faighte acu faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, de thoradh úsáid an bhonneagair sin. ([42]) I gcás bonneagar leathanbhanda, tá buntáiste ann do na hoibreoirí a bhaineann úsáid as bonneagar, arna chistiú go poiblí, chun seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh má tá an méid a íocann siad as an gceart chun an bonneagar a úsáid níos lú ná an méid a d'íocfaidís as bonneagar inchomparáide faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh ([43]).

(99) Le dámhachtain an chonartha, chuir Telecom CLM an líonra chun feidhme ar chostas JCCM agus fuair sé an ceart chun líonra leathanbhanda bhunúsaigh JCCM a oibriú agus a úsáid go ceann 5 bliana ar a laghad gan táille. Faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, faigheann oibreoirí/úinéirí bonneagair leathanbhanda ioncaim nuair a chuireann siad a líonra ar fáil d'oibreoirí eile nó nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí miondíola d'úsáideoirí deiridh. Thairis sin, íocann cuardaitheoirí rochtana praghsanna rochtana le hoibreoirí/úinéirí an líonra sin chun an bonneagar leathanbhanda a úsáid. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh JCCM ioncaim a fháil tríd an líonra a bhí curtha chun feidhme a chur ar fáil do chuardaitheoirí rochtana agus seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh. Ba amhlaidh an cás do Telecom CLM freisin, a dhíol seirbhísí miondíola leathanbhanda d'úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe, agus seirbhísí mórdhíola do thríú páirtithe dá thairbhe eacnamaíoch féin.

(100) Áitíonn Ríocht na Spáinne agus Telecom CLM nach bhfuil buntáiste eacnamaíoch faighte ag Telecom CLM de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE toisc go bhfuair JCCM féin an bonneagar a bhí le forbairt ag Telecom CLM, gur ráthaigh an nós imeachta tairisceana oscailte go raibh méid na gcistí a deonaíodh do Telecom CLM teoranta don mhéid íosta a raibh gá leis, nach raibh staid airgeadais Telecom CLM ní b'fhearr tar éis dhámhachtain an chonartha ná mar a bhí sé roimh an dámhachtain agus go raibh an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a d'oibrigh Telecom CLM neamhbhrabúsach (féach aithrisí (51)-(54) agus (68) thuas).

(101) Mar a thuairiscítear thuas (féach aithrisí (95)-(99)), cé go bhfuil an líonra leathanbhanda bhunúsaigh nua a bhí curtha chun feidhme faighte ag JCCM go díreach agus nach bhfuil sé faighte ag Telecom CLM, gur deonaíodh ceart eisiach oibriúcháin do Telecom CLM go ceann 5 bliana, agus arbh é sin an fáth a fuair Telecom CLM buntáiste eacnamaíoch de bharr an chonartha dháfa.

(102) A mhéid a bhaineann leis an argóint go raibh an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a d'oibrigh Telecom CLM le linn na tréimhse 5 bliana móide 2 bhliain neamhbhrabúsach, níor thug Ríocht na Spáinne ná Telecom CLM bunús leis an éileamh sin le fianaise thacaíochta. In aon chás, níl an argóint sin ábhartha chun a chinneadh cé acu a bhí nó nach raibh buntáiste eacnamaíoch ann do Telecom CLM tráth dhámhachtain an chonartha. An ghné chinntitheach is ea cibé ar ghníomhaigh na comhlachtaí poiblí mar a ghníomhódh oibreoir geilleagair margaidh i gcás den chineál céanna. Mar sin féin, maidir leis an gceart chun úsáid a bhaint, go ceann 5 bliana móide 2 bhliain, as bonneagar líonra leathanbhanda bhunúsaigh nach raibh bunaithe fós, ní dheonódh oibreoir geilleagair margaidh, i gcás cosúil le cás JCCM, an ceart sin d'oibreoir an líonra leathanbhanda bhunúsaigh sin dá thairbhe eacnamaíoch féin gan táille ar leibhéal an mhargadhphraghais. Dhéanfadh oibreoir geilleagair margaidh, i gcás cosúil le cás JCCM, iarracht a thairbhe eacnamaíoch féin a uasmhéadú. Mar sin féin, níor sholáthar Ríocht na Spáinne aon fhianaise go ndeonódh oibreoir margaidh an ceart chun úsáid a bhaint as an mbonneagar leathanbhanda gan aon táille. Ina ionad sin, léirítear sa doiciméadacht atá ar fáil go bhféadfadh Telecom CLM, faoin gconradh a dámhadh, an bonneagar a oibriú agus a sheirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe, i gcoinne íoca do chuardaitheoirí rochtana mórdhíola agus d'úsáideoirí deiridh ar a phriacal eacnamaíoch féin agus dá thairbhe eacnamaíoch féin, gan JCCM, an t-úinéir, a chur san áireamh ar leibhéal an mhargadhphraghais.

(103) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhféadfadh nós imeachta tairisceana iomaíoch, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus neamhchoinníollach fáil réidh le cabhair faoi choinníollacha áirithe i gcás ina ngéillfí oibriú an bhonneagair, i measc coinníollacha eile má shanntar an ceart ar phraghas deimhneach. Mar sin féin, ní bhréagnaítear leis an tairiscint gur ann do bhuntáiste eacnamaíoch do Telecom CLM, ós rud é nach raibh aon phraghas deimhneach sa tairiscint sin, le haghaidh oibriú an bhonneagair, a bhí le híoc ag an tairbhí le húinéir an bhonneagair. Chuir an conradh tairgthe ar a chumas do Telecom CLM gníomhaíocht tráchtála a dhéanamh, i.e., oibriú agus úsáid an bhonneagair dá thairbhe eacnamaíoch féin ar fáil feadh 5 bliana móide 2 bhliain, ar choinníollacha nach bhfuil ar fáil ar an margadh seachas sin.

([42]) Féach Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach, dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1) (Nóta maidir leis an nóisean maidir le Státchabhair), ag mír 223.

([43]) Féach an Fógra maidir leis an nóisean maidir le Státchabhair (fonóta 42 thuas), mír 223.

(104) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le staid airgeadais an tairbhí tar éis an bhirt agus a staid airgeadais hipitéiseach i gcás nach mbeadh an beart déanta, measann an Coimisiún nach ndéantar difear le háireamh an phrionsabail ghinearálta sin do thoradh na hanailíse ar cibé an raibh buntáiste eacnamaíoch ag Telecom CLM. Maíonn Ríocht na Spáinne agus Telecom CLM nach raibh an cúiteamh a íocadh le Telecom CLM ní ba mhó ná a chostais agus nach bhfuil Telecom CLM tar éis leas a fháil as staid airgeadais níos fearr tar éis dhámhachtain an chonartha i mí Mheán Fómhair 2010, dá bhrí sin. Ní áirítear leis an tuairim sin, áfach, gur deonaíodh an ceart chun an bonneagar leathanbhanda bhunúsaigh a oibriú agus a úsáid dá thairbhe eacnamaíoch féin go gceann 5 bliana móide 2 bhliain do Telecom CLM freisin, gan táille a íoc le JCCM, an t-úinéir, ar leibhéal an mhargadhphraghais.

(105) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, trí dhámhachtain an chonartha, gur dheonaigh JCCM buntáiste do Telecom CLM , nach mbeadh ar fáil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh.

5.1.4. *Roghnaíocht*

(106) Chun bheith faoi raon feidhme Airteagal 107 CFAE, ní mór go mbeadh beart Stáit i bhfabhar 'gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe'. Tá an beart i bhfabhar Telecom CLM mar an t-aon fhaighteoir amháin.

(107) Dírítear leis an mbeart ar ghnóthas aonair amháin atá gníomhach san earnáil cumarsáide leictreonaí d'eisiamh na ngnóthas uile eile atá gníomhach san earnáil sin. Thairis sin, tá an beart teoranta don úsáid a bhaineann oibreoirí líonra leathanbhanda bhunúsaigh agus ní bhaineann sé le hoibriú bonneagair ghinearálta, a bheadh oscailte do chách ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

(108) Ós rud é go mbaineann an cás seo le beart cabhrach aonair, is leordhóthanach an buntáiste eacnamaíoch a shainaithint (féach aithrisí (95) go (105) thuas) chun tacú leis an toimhde go bhfuil an beart roghnaitheach ([44]). In aon chás, ní cosúil go bhfuil an buntáiste céanna ag gnóthais eile sna hearnálacha céanna nó in earnálacha eile atá i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil.

(109) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, go raibh an beart roghnaitheach.

5.1.5. *Éifeacht ar thrádáil agus ar iomaíocht*

(110) Is ionann tacaíocht phoiblí do ghnóthais agus Státchabhair faoi Airteagal 107(1) CFAE más rud é go 'saobhann sí an iomaíocht nó go bhfuil bagairt ann í a shaobhadh' agus a mhéid a dhéanann sí 'difear don trádáil idir na Ballstáit'. De réir chásdlí chúirteanna an Aontais, tá an coincheap 'éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit' nasctha leis an nóisean maidir le saobhadh iomaíochta agus is minic go mbíonn an dá rud nasctha go dlúth le chéile. I ndáil leis sin, tá luaite ag an gCúirt '*go háirithe, i gcás ina láidríonn cabhair airgeadais Stáit seasamh gnóthais i gcomparáid le gnóthais eile atá i mbun iomaíochta i dtrádáil laistigh den Chomhphobal, ní mór a mheas go bhfuil difear á dhéanamh ag an gcabhair sin do na gnóthais sa chás deireanach sin*' ([45]).

(111) Tá rochtain ag an earnáil leathanbhanda sa Spáinn ar mhaoiniú príobháideach nach beag le haghaidh forbairt agus oibriú líonraí leathanbhanda bhunúsaigh ar fud na tíre. Ní eisiatar éifeacht ar thrádáil ná saobhadh iomaíochta, dá bhrí sin.

(112) Maidir le forbairt agus oibriú bonneagair le haghaidh líonraí leathanbhanda bhunúsaigh, is seirbhís é sin in earnáil léirscaoilte ina mbíonn iomaíocht de ghnáth, nó ina bhféadfadh iomaíocht a bheith ann. Tá Telecom CLM gníomhach san earnáil sin agus dheonaigh JCCM buntáiste airgeadais dó, rud a d'fhéadfadh a staid iomaíoch a fheabhsú i gcomparáid le gnóthais eile atá gníomhach san earnáil sin.

([44]) Féach cásanna C-15/14 P, *An Coimisiún* v *MOL*, EU:C:2015:362, mír 60; C-270/15 P *An Bheilg* v *An Coimisiún*, EU:C:2016:489, mír 49; T-314/15 *An Ghréig* v *An Coimisiún*, EU:2017:903, mír 79.

([45]) Breithiúnas na Cúirte Céadchéime an 4 Aibreán 2001 i gcás 288/97, *Regione Friuli Venezia Giulia v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2001:115, mír 41.

(113) Maidir le hidirghabháil JCCM i ndáil le forbairt agus oibriú líonra leathanbhanda bhunúsaigh in 461 cheantar tuaithe bardas nach ndearnadh freastal orthu sa réigiún, tá an idirghabháil sin tar éis dálaí margaidh a bhí ann cheana a athrú. Mar gheall ar an mbeart, bhí daoine nádúrtha, agus gnóthais a bhí bunaithe sna limistéir sin, in ann a roghnú dul le seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh arna soláthar ag Telecom CLM, lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe, in ionad réitigh mhargadhbhunaithe eile a d'fhéadfadh a bheith ní ba chostasaí, amhail naisc shatailíte.

(114) Is féidir le gnóthais atá gníomhach i bhforbairt agus oibriú bonneagair le haghaidh líonraí leathanbhanda bhunúsaigh agus soláthar seirbhísí leathanbhanda miondíola a bheith san iomaíocht i dtrádáil laistigh den Aontas toisc go bhfuil roinnt mhaith acu gníomhach i mbreis agus Ballstát amháin. Tá an margadh le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear na margaí leathanbhanda mórdhíola agus miondíola) oscailte don iomaíocht idir oibreoirí agus soláthraithe seirbhíse. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a mheas go ndéantar difear le buntáiste airgeadais Telecom CLM do na gnóthais eile atá gníomhach sna margaí sin agus i mbreis agus Ballstát amháin.

(115) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, go raibh sé ar chumas an bhirt an iomaíocht a shaobhadh agus gur dhócha go ndéanfadh sé difear don trádáil idir na Ballstáit.

5.1.6. *Conclúid*

(116) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur Státchabhair é an beart de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

5.2. **Dleathacht na cabhrach**

(117) Níor thug Ríocht na Spáinne fógra faoin mbeart don Choimisiún de bhun Airteagal 108(3) CFAE (féach aithris (30) thuas). Tagann an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, go raibh an chabhair neamhdhleathach.

5.3. **Comhoiriúnacht na cabhrach**

(118) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhoiriúnacht na cabhrach de réir Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE agus bunaithe ar Threoirlínte Leathanbhanda 2009, agus ní faoi Airteagal 106(2) CFAE nó GBER ([46]).

(119) Soláthraítear le hAirteagal 106(2) CFAE an bunús dlí chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na Státchabhrach le haghaidh SGEInna. Deir sé go bhfuil na gnóthais, a gcuirtear oibriú SGEInna ar a n-iontaoibh nó a bhfuil saintréith na monaplachta fioscaí acu, faoi réir na rialacha maidir le hiomaíocht. Mar sin féin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár cuireadh SGEI ar iontaoibh Telecom CLM nuair a dhámh JCCM an conradh air i mí Lúnasa 2010. Thairis sin, bhunaigh an Coimisiún nár cuireadh aon oibleagáid seirbhíse poiblí eile ar iontaoibh Telecom CLM nuair a dámhadh an conradh agus nár áiríodh sa chonradh sásra cúitimh ná na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, faireachán a dhéanamh air ná é a athbhreithniú (féach aithrisí (87)-(94) thuas).

(120) De bhun Airteagal 58(1) GBER ([47]), tá feidhm ag GBER maidir le cabhair aonair a deonaíodh sular tháinig sé i bhfeidhm, má chomhlíonann an chabhair na coinníollacha uile a leagtar síos in GBER, cé is moite d'Airteagal 9. De bhun Airteagal 52(1) GBER atá i bhfeidhm, beidh cabhair infheistíochta d'fhorbairt líonra leathanbhanda comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(3) CFAE agus díolmhófar ó cheanglas Airteagal 108(3) CFAE chun fógra a thabhairt í, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52 GBER agus Caibidil I GBER. De bhun Airteagal 52(2) GBER, níl incháilithe ach costais infheistíochta. Mar sin féin, níorbh é Telecom CLM úinéir an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhí curtha chun feidhme (féach aithris (10) thuas), arbh é sin an fáth a measann an Coimisiún nach raibh aon chostas infheistíochta ag Telecom CLM. Thairis sin ceanglaítear le hAirteagal 52(3) GBER go ndéanfaí comhairliúchán poiblí oscailte chun a dheimhniú gur limistéir 'bhána' le haghaidh leathanbhanda bunúsach iad na sprioclimistéir i bhfírinne. Toisc nach ndearna JCCM ach comhairliúcháin dhéthaobhacha leis na hoibreoirí leathanbhanda uile arbh eol do JCCM iad a bheith gníomhach sa réigiún (féach aithris (12) thuas), níor comhlíonadh an ceanglas sin de GBER ach oiread. Dá bhrí sin, ní thagann an beart faoi raon feidhme GBER.

([46]) Féach fonóta 21 thuas.
([47]) Féach fonóta 21 thuas.

(121) De réir Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE, féadfar a mheas go bhfuil 'cabhair chun forbairt ghníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, nuair nach n-athraíonn an chabhair sin dálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas coiteann' comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Thairis sin, is iad Treoirlínte Leathanbhanda 2009 ([48]), an caighdeán le haghaidh an mheasúnaithe ar Státchabhair do rolladh amach líonraí leathanbhanda bhunúsaigh a deonaíodh idir an 1 Deireadh Fómhair 2009 agus an 26 Eanáir 2013.

(122) Ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh, chun go ndearbhófaí go bhfuiltear comhoiriúnach: ar an gcéad dul síos, ní mór an chabhair a bheith beartaithe chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú agus, ar an dara dul síos, níor cheart dochar a dhéanamh leis an gcabhair do choinníollacha trádála a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann ([49]).

(123) Faoin gcéad choinníoll, déanann an Coimisiún scrúdú ar an méid seo a leanas:

(a) an ghníomhaíocht eacnamaíoch a éascaítear leis an gcabhair;

(b) éifeacht dreasachta na cabhrach, sa chiall is go n-athraíonn sé iompraíocht na ngnóthas lena mbaineann ar bhealach go ndéanann siad gníomhaíocht bhreise nach mbeadh déanta acu murach an chabhair nó a bheadh déanta acu ar bhealach srianta nó éagsúil nó i suíomh srianta nó éagsúil;

(c) sárú ar aon fhoráil de dhlí an Aontais i ndáil leis an gcabhair.

(124) Faoin dara coinníoll, déanann an Coimisiún scrúdú ar éifeachtaí dearfacha na cabhrach ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe aige tacú leo agus na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart ar an margadh inmheánach, i dtéarmaí shaobhadh na hiomaíochta agus éifeachtaí díobhálacha ar an trádáil arb é an beart is cúis leo. I ndáil leis sin, déanann an Coimisiún measúnú ar an méid seo a leanas:

(a) éifeachtaí dearfacha na cabhrach;

(b) cibé an bhfuil gá leis an gcabhair agus an bhfuil sé spriocdhírithe ar aghaidh a thabhairt ar chás inar féidir leis an gcabhair feabhsú ábhartha a dhéanamh nach féidir leis an margadh féin a sholáthar, mar shampla, trí theip mhargaidh a leigheas nó aghaidh a thabhairt ar neamhionannais thábhachtacha;

(c) cibé an ionstraim beartais iomchuí í an chabhair chun a cuspóir a chomhlíonadh;

(d) cibé an bhfuil an chabhair comhréireach agus teoranta ionas nach sáraíonn sí an íosmhéid is gá chun a cuspóir a bhaint amach agus an infheistíocht nó an ghníomhaíocht bhreise a spreagadh san earnáil lena mbaineann;

(e) éifeachtaí diúltacha na cabhrach ar an iomaíocht agus ar an trádáil idir na Ballstáit.

(125) Mar chéim dheiridh, cothromaíonn an Coimisiún éifeachtaí diúltacha sainaitheanta na cabhrach ar an margadh inmheánach le héifeachtaí dearfacha na cabhrach ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena dtacaítear.

An chéad choinníoll

5.3.1. *Forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú*

(126) Tugadh tacaíocht leis an mbeart d'fhorbairt na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha maidir le cur chun feidhme, oibriú líonra leathanbhanda bhunúsaigh agus soláthar seirbhísí leathanbhanda miondíola i gceantair bardas i réigiún Castilla-La Mancha i gcás nach raibh leathanbhanda ar fáil agus nach raibh coinne le, ná pleananna do, líonra leathanbhanda a rolladh amach (féach aithris (12) thuas). Bhí sé beartaithe go sainráite leis an mbeart go soláthródh an tairbhí seirbhísí leathanbhanda freisin d'úsáideoirí deiridh ar an leibhéal miondíola (féach aithris (10) thuas) agus infhaighteacht ar sheirbhísí leathanbhanda a áirithiú d'úsáideoirí deiridh i limistéir mar sin ar luasanna íoslódála 2 Mbps ar a laghad agus luasanna uaslódála 512 Kbps (féach aithris (17) thuas). Ceanglaíodh ar an tairbhí freisin prótacal idirlín guthaithe a thairiscint agus foráil a dhéanamh maidir le pointe idirnaisc líonra áit a dtabharfaí rochtain mhórdhíola do thríú oibreoirí ar an líonra (féach aithris (18) thuas). Tugadh aghaidh leis an mbeart dá bhrí sin ar staid mhargaidh lenar coisceadh tomhaltóirí agus gnólachtaí sna sprioclimistéir ó rochtain a fháil ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, agus, ar an gcaoi sin iomaíochas eacnamaíoch na sprioclimistéar a mhéadú.

([48]) Féach fonóta 6 thuas.

([49]) Breithiúnas na Cúirte an 22 Meán Fómhair 2020 i gcás C-594/18 P, *An Ostair* v *An Coimisiún*, ECLI:EU:C:2020:742, mír 19.

(127) Aithníonn an Coimisiún gur chuir an beart, trí thacaíocht a thabhairt d'infhaighteacht líonra agus seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh sna sprioclimistéir sin agus trí oibleagáid a fhorchur ar an tairbhí chun go n-áireofaí (i) soláthar seirbhísí leathanbhanda d'úsáideoirí deiridh ar luasanna íoslódála 2 Mbps ar a laghad agus luasanna uaslódála 512 Kbps, lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe, (ii) rochtain mhórdhíola ar an líonra leathanbhanda bhunúsaigh trí phointe idirnaisc líonra, le forbairt na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin.

5.3.2. *Éifeacht dreasachta*

(128) Rinne an Coimisiún scrúdú ar cibé an dtabharfaí faoi líonra leathanbhanda bhunúsaigh a sholáthar lena n-áirítear seirbhísí leathanbhanda miondíola a sholáthar lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe d'úsáideoirí deiridh ar feadh 5 bliana móide 2 bhliain laistigh den tráthchlár céanna gan aon Státchabhair ([50]).

(129) Léirítear le hanailís mhargaidh agus comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile dá ndéantar difear a rinne JCCM roimh sheoladh an nós imeachta tairisceana nach raibh aon bhonneagar leathanbhanda ann cheana sna sprioclimistéir agus nach raibh aon infheistíocht i bhforbairt leathanbhanda beartaithe sna limistéir sin sna 3 go 4 bliana tar éis na gcomhairliúchán (féach aithris (12) thuas). D'áirithigh sé seo nár chumhdaigh an beart ach na ceantair bardas i réigiún Castilla-La Mancha nach raibh cumhdach leathanbhanda acu tráth a cuireadh tús le hoibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a dtacaítear leis i mí Mheán Fómhair 2012. Dá bhrí sin, in éagmais an bhirt, ní bheadh aon seirbhísí leathanbhanda miondíola lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe ar fáil d'úsáideoirí deiridh sna sprioclimistéir.

(130) Thairis sin, maíonn Ríocht na Spáinne chomh maith leis an tairbhí nach raibh oibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh sna sprioclimistéir brabúsach (féach aithrisí (51) agus (68) thuas). Measann an Coimisiún dá bhrí sin nach dtabharfaí faoi oibriú líonra leathanbhanda bhunúsaigh lena n-áirítear seirbhísí leathanbhanda a sholáthar d'úsáideoirí deiridh sna sprioclimistéir, lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe laistigh den tráthchlár céanna gan an chabhair, agus gur tháinig athrú dá bhrí sin i gcinntí infheistíochta na n-oibreoirí tairisceana, Telecom CLM san áireamh, mar gheall ar an gcabhair.

(131) Dá réir sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go raibh éifeacht dreasachta ag an mbeart.

5.3.3. *Comhlíontacht le forálacha eile de dhlí an Aontais*

(132) Más rud é go mbaineann sárú ar fhoráil nó ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais le beart Státchabhrach, leis na coinníollacha atá ag gabháil leis nó leis an ngníomhaíocht a mhaoinítear leis, ní féidir a dhearbhú go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

(133) Níl an Coimisiún ar an eolas faoi aon sárú féideartha ar dhlí an Aontais a choiscfeadh dearbhú go bhfuil an beart comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

An dara coinníoll

5.3.4. *Éifeachtaí dearfacha na cabhrach*

(134) Bhí gach ceann den 461 sprioclimistéar comhdhéanta de cheantair thuaithe bardas i réigiún Castilla-La Mancha ina raibh meándaonra de 35 áitritheoir. Dhámh JCCM cabhair do Telecom CLM chun líonra leathanbhanda bhunúsaigh a chur chun feidhme agus a oibriú agus don dá ní sin amháin, iad nasctha go dlúth toisc gur cumhdaíodh na nithe sin araon leis an gconradh tairgthe, gan aon rogha ann iad a dheighilt, sna limistéir sin nach raibh rochtain ag úsáideoirí deiridh ar sheirbhísí leathanbhanda miondíola roimhe sin, agus i gcás nach raibh coinne le líonra leathanbhanda a rolladh amach, ná pleananna dó, faoin am a cuireadh tús le hoibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a dtacaítear leis i mí Mheán Fómhair 2012 (féach aithris (12) thuas). Sna limistéir sin, áirithíodh leis an mbeart go raibh rochtain ag úsáideoirí deiridh ar sheirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh ar luas íoslódála 2 Mbps ar a laghad agus luas uaslódála de 512 Kbps, lena n-áirítear ar phrótacal idirlín guthaithe, ó thús oibriú an líonra i mí Mheán Fómhair 2012 (féach aithris (17) thuas). Chuir Telecom CLM feabhas ar fheidhmíocht an líonra faoi dhó, ar dtús go dtí luas íoslódála 5 Mbps ar a laghad an 28 Aibreán 2014 agus ansin go dtí luas íoslódála 10 Mbps ar a laghad an 4 Bealtaine 2018 (féach aithris (29) thuas).

([50]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 50.

(135) Bhíodh tábhacht fhíormhór le rochtain inacmhainne ar líonraí agus ar sheirbhísí leathanbhanda chun go gcuirfeadh teicneolaíocht leathanbhanda le fás agus nuálaíocht i ngach earnáil den gheilleagar agus le comhtháthú sóisialta agus críochach cheana in 2010.

(136) Rinne an Coimisiún go comhsheasmhach, an tráth sin, idirdhealú idir limistéir nach raibh aon bhonneagar leathanbhanda iontu nó nár dhócha go bhforbrófaí é go luath (limistéir bhána), limistéir nach raibh ach oibreoir líonra leathanbhanda amháin iontu (limistéir liatha) agus limistéir ina raibh dhá sholáthraí líonra leathanbhanda ar a laghad iontu (limistéir dhubha) ([51]). Mar ábhar beartais, mheas an Coimisiún i gcónaí go raibh tacaíocht do chur chun feidhme líonra leathanbhanda i limistéir thuaithe 'bhána' nach ndéantar freastal ceart orthu i gcomhréir le beartais an Aontais atá ann faoi láthair, ós rud é go gcuireann sé comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch chun cinn agus go dtéann sé i ngleic le teipeanna margaidh ([52]).

(137) Trí thacaíocht airgeadais a sholáthar chun seirbhísí leathanbhanda a sholáthar i limistéir nach raibh leathanbhanda le fáil iontu ná pleananna ag infheisteoirí príobháideacha a leithéid de bhonneagar a rolladh amach go luath amach anseo, rud a bhí le tuiscint go ginearálta mar thagairt do thréimhse 3 bliana, ([53]) saothraíonn Ballstáit fíorchuspóirí comhtháthaithe agus forbartha eacnamaíche. Dá réir sin, bhí idirghabháil Ríocht na Spáinne i gcomhréir leis an leas comhchoiteann.

(138) Thairis sin, ina straitéis Eoraip 2020 ([54]) chuir an Coimisiún a Thionscnamh Suaitheanta 'Clár Oibre Digiteach don Eoraip' i láthair i mí an Mhárta 2010, a raibh mar aidhm aige '*tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta inbhuanaithe a sholáthar ó Mhargadh Aonair Digiteach bunaithe ar idirlíon gasta agus sárghasta agus feidhmeanna idir-inoibritheacha, agus rochtain do gach duine ar leathanbhanda faoi 2013, rochtain do gach duine ar luasanna idirlín i bhfad níos airde (30 Mbps nó níos mó) faoi 2020, agus 50 % nó níos mó de theaghlaigh Eorpacha ag suibscríobh chuig naisc idirlín os cionn 100 Mbps*' ([55]) (béim curtha leis). Rinneadh an aidhm sin a atreisiú le gealltanas an Choimisiúin '*chun rochtain idirlín agus glacadh ag saoránaigh uile na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe trí ghníomhaíochtaí atá ag tacú le litearthacht dhigiteach agus inrochtaineacht*' ([56]).

(139) Leis an gcabhair a dheonaigh JCCM dá bhrí sin, cuireadh chun cinn agus saothraíodh comhtháthú críochach, sóisialta, agus eacnamaíoch. Thairis sin, chuir sé le cuspóir an Chláir Oibre Dhigitigh a bhaint amach maidir le rochtain ar leathanbhanda a sholáthar do gach duine faoi 2013.

(140) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin go raibh éifeachtaí dearfacha ag an gcabhair sna sprioclimistéir.

5.3.5. *Riachtanas na cabhrach: easpa seachadadh margaidh mar gheall ar theip mhargaidh*

(141) D'fhéadfaí a mheas go bhfuil gá le Státchabhair i gcásanna inar féidir léi feabhsú ábhartha a dhéanamh nach féidir leis an margadh a sholáthar as féin. Is féidir le bearta Státchabhrach, faoi choinníollacha faoi leith, teipeanna margaidh a cheartú, ag feabhsú feidhmiú éifeachtúil margaí agus ag feabhsú iomaíochta dá bharr.

(142) Bíonn teip mhargaidh ann, mura n-éiríonn le margaí, agus iad fágtha ar a gconlán féin, toradh éifeachtúil a sholáthar don tsochaí gan idirghabháil phoiblí. D'fhéadfadh sé seo tarlú, mar shampla, nuair nach dtugtar faoi infheistíochtaí áirithe cé go sáraíonn an tairbhe eacnamaíoch don tsochaí an costas a bhaineann leo.

(143) Ba cheantair bardas iad sprioclimistéir an bhirt i réigiún Castilla-La Mancha áiteanna nach raibh rochtain ag úsáideoirí deiridh ar sheirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh agus nach raibh coinne le, ná pleananna do, líonra leathanbhanda a rolladh amach faoin am a cuireadh tús le hoibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a dtacaítear leis i mí Mheán Fómhair 2012 (féach aithris (12) thuas).

(144) Ina leith sin, d'áirithigh JCCM infhaighteacht an líonra leathanbhanda bhunúsaigh agus seirbhísí leathanbhanda miondíola sna sprioclimistéir, lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe, nach soláthrófaí gan tacaíocht faoin mbeart. Bhí an t-ioncam ar féidir a bhaint amach ó shaothrú an líonra agus forálacha seirbhísí miondíola, lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe i bhfad níos teoranta i sprioclimistéir an bhirt ná mar a bhí in áiteanna eile sa Spáinn mar gheall ar mhéid an daonra i sprioclimistéir an bhirt nach raibh ach 35 áitritheoir ar an meán iontu agus 16 000 áitritheoir san iomlán. Os rud é gur EUR 16 mhilliún an buiséad uasta a bhí le fáil don tionscadal, rinneadh an 461 sprioclimistéar a roinnt ina 311 limistéar cumhdaigh éigeantacha agus 150 limistéar roghnach breise (féach aithris (13) thuas).

([51]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), míreanna 37 agus 40.
([52]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 41.
([53]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 42.
([54]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – An Eoraip 2020: Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, 3.3.2010, COM(2010) 2020 final (Teachtaireacht 'An Eoraip 2020').
([55]) Teachtaireacht 'An Eoraip 2020', leathanach 14.
([56]) Ibid.

(145) Agus cás na n-úsáideoirí deiridh i sprioclimistéir an bhirt nach raibh rochtain ar leathanbhanda ar bith acu in 2010 á chur san áireamh, chuir an beart leis an sprioc maidir le rochtain ar leathanbhanda do chách faoi 2013. Bhí gá leis sin chun Margadh Aonair Digiteach a sholáthar agus chun a áirithiú gur féidir le gach cónaitheoir a bheith rannpháirteach ann agus tairbhe a bhaint as. Thairis sin, mar a luaitear in aithris (136) thuas, mheas an Coimisiún go gcuireann tacaíocht do chur chun feidhme líonra leathanbhanda i limistéir thuaithe 'bhána' nach ndéantar freastal ceart orthu comhtháthú críochach, sóisialta, agus eacnamaíoch chun cinn agus go dtéann sé i ngleic le teipeanna margaidh.

(146) Maidir le conclúid JCCM gur limistéir 'bhána' iad an 461 sprioclimistéar uile de réir bhrí Threoirlínte Leathanbhanda 2009, measann an Coimisiún gur léirigh Ríocht na Spáinne go raibh údar ag JCCM teacht ar an gconclúid sin. De réir Ríocht na Spáinne, ní raibh torthaí chinneadh CMT agus torthaí mapála de JCCM contrártha (féach aithris (58) thuas). Mhínigh Ríocht na Spáinne gur shainigh JCCM an 461 sprioclimistéar uile ag leibhéal cheantair na mbardas. Cé go raibh roinnt de na ceantair sin mar chuid de limistéir níos leithne, agus páirteanna áirithe díobh arna soláthar cheana le líonraí leathanbhanda bhunúsaigh, níorbh é sin an cás maidir leis na ceantair shonracha a chuimsíonn an 461 sprioclimistéar. Os a choinne sin, tá cinneadh CMT bunaithe ar anailís ag leibhéal an Bhardais agus rinneadh limistéar a chatagóiriú mar 'liath' dá mba rud é go raibh cumhdach leathanbhanda atá ann cheana ag an mbardas de 50 % den daonra nó níos mó (fiú má thaispeáin ceantair áirithe laistigh den bhardas sin cumhdach níos ísle).

(147) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin go raibh gá leis an gcabhair chun tacú le forbairt na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta i gceist agus gur chruthaigh sí feabhas ábhartha i limistéir thuaithe 'bhána' nach ndéantar freastal ceart orthu de réir bhrí Threoirlínte Leathanbhanda 2009 nach soláthrófaí leis an margadh as féin. Tugadh aghaidh leis an mbeart dá bhrí sin ar theip mhargaidh sna sprioclimistéir.

5.3.6. *Oiriúnacht na Státchabhrach mar ionstraim bheartais*

(148) Caithfidh gur ionstraim bheartais iomchuí í an chabhair chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb a bhaineann le heaspa seachadadh margaidh mar gheall ar theip mhargaidh.

(149) Mar a deimhníodh leis an anailís mhargaidh agus leis na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear a rinne JCCM roimh an tairiscint, ba é an fhadhb a bhí ag an 461 sprioclimistéar uile lena mbaineann ná nach raibh aon chumhdach leathanbhanda acu agus nach raibh sé beartaithe ag gníomhaithe an mhargaidh seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh a sholáthar sna limistéir sin sna 3 go 4 bliana a bhí le teacht i ndiaidh na gcomhairliúchán.

(150) De réir Ríocht na Spáinne níor tháinig infheistíochtaí leordhóthanacha as rialáil *ex ante* chun an 'deighilt dhigiteach' a chúngú sna sprioclimistéir sin den réigiún.

(151) Cé gur féidir le rialáil *ex ante* iomaíocht éifeachtach a éascú, go háirithe i margaí táirge agus geografacha i gcás inar ainmníodh gnóthas mar ghnóthas ag a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh, ní bheadh sé ina ionstraim leordhóthanach chun soláthar seirbhísí leathanbhanda a chumasú i sprioclimistéir an tionscadail. Bhí an easpa líonraí leathanbhanda agus pleananna infheistíochta tráchtála agus easpa infhaighteachta de sheirbhísí leathanbhanda miondíola mar shaintréith na limistéar sin, ós rud é gur réamh-mheasadh go mbeadh brabúsacht bhunúsach na hinfheistíochta sna limistéir sin cuibheasach íseal mar gheall ar na suíomhanna an-scaipthe den iliomad sprioclimistéar agus a ndaonra an-bheag de 35 áitritheoir ar an meán.

(152) Ar an gcaoi chéanna, is féidir le bearta ar thaobh an éilimh i bhfabhar seirbhísí leathanbhanda (amhail dearbháin le haghaidh úsáideoirí deiridh) a chur go dearfach le dul i bhfód leathanbhanda agus ba cheart iad a spreagadh mar mhalairt ar nó mar chomhlánú ar bhearta poiblí eile. Sa chás seo áfach, níorbh fhéidir leo an easpa soláthair leathanbhanda a réiteach de dheasca go raibh an bonneagar fós le cur chun feidhme agus go raibh méid an daonra sna sprioclimistéir chomh beag sin nárbh fhéidir le bearta ar thaobh an éilimh infheistíocht phríobháideach i mbonneagar leathanbhanda bhunúsaigh a tharraingt isteach sa 461 sprioclimistéar.

(153) Ós rud é gur measadh brabúsacht chur chun feidhme agus oibriú líonra leathanbhanda bhunúsaigh sna sprioclimistéir a bheith diúltach, níor aithin JCCM aon rogha eile ar chistiú poiblí a dheonú chun soláthar seirbhísí miondíola sna sprioclimistéir a áirithiú.

(154) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gurbh í Státchabhair an ionstraim beartais iomchuí chun dul i ngleic leis an teip mhargaidh sna limistéir sin.

5.3.7. *Comhréireacht: Cabhair teoranta don íosmhéid is gá*

(155) Meastar go bhfuil cabhair comhréireach más rud é go bhfuil suim na cabhrach teoranta don íosmhéid is gá agus go n-íoslaghdaítear an saobhadh féideartha ar an iomaíocht. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar thréithe comhréireacha beart i limistéir 'bhána' faoi Threoirlínte Leathanbhanda 2009, tá roinnt coinníollacha is gá a chomhlíonadh chun an Státchabhair lena mbaineann agus an saobhadh iomaíochta is féidir a bheith ann a íoslaghdú:

5.3.7.1. Mapáil agus anailís mhionsonraithe ar chumhdach

(156) Ba cheart do na Ballstáit a shainaithint go soiléir cé na limistéir gheografacha a chumhdófar leis an mbeart tacaíochta atá i gceist ([57]). Trí anailís a dhéanamh i gcomhthráth ar na coinníollacha iomaíochta agus an struchtúr atá i réim i limistéar faoi leith agus dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile dá ndéanfar difear leis an mbeart ábhartha, íoslaghdaíonn Ballstáit an saobhadh iomaíochta le soláthraithe atá ann cheana agus leo siúd a bhfuil pleananna infheistíochta acu cheana féin don ghar-thodhchaí agus a chur ar a chumas do na hinfheisteoirí sin a ngníomhaíochtaí a phleanáil.

(157) Chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir leis an gcleachtadh mapála a rinne JCCM sa chinneadh tosaigh an 19 Iúil 2017. Bhain an t-amhras leis an méid seo a leanas: (i) oiriúnacht an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara a rinne JCCM roimh sheoladh an bhirt, lena n-áirítear an fíoras nach ndeachthas i gcomhairle leis an ngearánach; agus (ii) oiriúnacht an aicmithe ar 461 sprioclimistéar an bhirt mar 'bhán' de réir bhrí Threoirlínte Leathanbhanda 2009, i bhfianaise thorthaí an chinneadh ó CMT an 23 Meitheamh 2011 (féach aithris (48) thuas agus aithris (30) den chinneadh tosaigh). Tar éis a ghrinn-imscrúdaithe, áfach, measann an Coimisiún gur maolaíodh an amhras tromchúiseach a tharraing sé anuas ar dtús.

(158) Maidir leis an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha, measann an Coimisiún go ndearna JCCM anailís mhargaidh maidir leis na líonraí leathanbhanda atá ann cheana i réigiún Castilla-La Mancha agus gur shainaithin siad go soiléir na limistéir sin gan aon líonra leathanbhanda ná seirbhís leathanbhanda miondíola ar bhealach a chomhlíon Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (féach aithris (12) thuas).

(159) Ar dtús, chuir anailís mhargaidh JCCM an fhaisnéis san áireamh a fuarthas i gcomhairliúcháin déthaobhacha ó na hoibreoirí leathanbhanda uile arbh eol do JCCM go raibh siad gníomhach sa réigiún. Leis an bhfaisnéis a fuarthas sna comhairliúcháin déthaobhacha sin bhíothas in ann an bonneagar atá ann cheana a mhapáil agus fuarthas eolas faoi phleananna cur chun feidhme bonneagair oibreoirí leathanbhanda sna chéad 3 go 4 bliana eile.

(160) Ar an dara dul síos, rinne JCCM anailís ar na Pleananna Cur Chun feidhme Críochacha uile a chuir oibreoirí líonra cláraithe le CMT isteach sna blianta roimhe sin. Léiríodh san anailís sin nach raibh aon soláthraí ann cheana sna sprioclimistéir agus nach raibh pleananna infheistíochta don ghar-thodhchaí sna limistéir sin cheana féin ag aon soláthraí. Sonraíodh na sprioclimistéir ábhartha ansin san fhógra tairisceana agus ina iarscríbhinní ([58]).

(161) Cé nár sainmhíníodh na ceanglais bheachta le haghaidh comhairliúchán críochnaitheach leis na páirtithe leasmhara uile a ndéantar difear dóibh leis an mbeart i dTreoirlínte Leathanbhanda 2009, ba chleachtas bunaithe é an tráth sin, ar ghlac an Coimisiún leis, comhairliúcháin dhíreacha agus aonair a reáchtáil le hoibreoirí aitheanta maidir lena mbonneagar atá ann cheana agus a bpleananna cur chun feidhme amach anseo. Measadh gur leordhóthanach an cur chuige sin i gcinntí eile an Choimisiúin gan agóid a dhéanamh ([59]). Chuaigh JCCM i dteagmháil leis na hoibreoirí cumarsáide leictreonaí uile arb eol dó iad as a bheith gníomhach sa réigiún (i.e., comhlachtaí cláraithe le CMT mar oibreoirí cumarsáide leictreonaí agus tar éis dóibh tuarascálacha tráthrialta a sholáthar). Níor ceanglaíodh comhairliúchán poiblí faoi Threoirlínte Leathanbhanda 2009 ([60]) mar a cheanglaítear leis na Treoirlínte Leathanbhanda 2013 níos deireanaí chun beart a dhearbhú comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

([57]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 51(a).

([58]) Tar éis fhoilsiú an liosta sprioclimistéar le haghaidh an nós imeachta tairisceana, chuir roinnt oibreoirí faoi bhráid JCCM go gcumhdófar limistéir áirithe le líonraí leathanbhanda sa ghar-thodhchaí agus dá thoradh sin eisiadh iad ó na sprioclimistéir.

([59]) Féach, mar shampla, cinneadh C (2010)9171 final ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2010, maidir le Státchabhair cás N336/2010 – *scéim leathanbhanda fheidearálach na hOstaire*, atá inrochtana ag: http://ec.europa.eu/competition/state_aid/cases/237158/237158_1182946_31_3.pdf.

([60]) Féach fonóta 23 thuas.

(162) Ar an tríú dul síos, ní raibh ar JCCM dul i gcomhairle leis an ngearánach mar pháirtí leasmhara roimh fhoilsiú an fhógra tairisceana. Bhí aithne ag JCCM ar an ngearánach, ach mar sholáthraí tacaíochta do sheirbhísí craoltóireachta agus teilifíse amháin. Ní raibh an gearánach cláraithe le CMT mar oibreoir cumarsáide leictreonaí agus ní raibh sé gníomhach mar oibreoir den sórt sin riamh (féach roinn 2.8 thuas). Ní raibh aon chúis, dá réir sin, ag JCCM dul i gcomhairle leis an ngearánach maidir leis an tionscadal atá i gceist.

(163) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur díbríodh an amhras tosaigh a léiríodh sa chinneadh tosaigh agus go bhfuil an mhapáil agus anailís mhionsonraithe ar chumhdach a rinne JCCM comhoiriúnach le Treoirlínte Leathanbhanda 2009.

5.3.7.2. Próiseas tairisceana oscailte

(164) Áirithítear le cur chuige tairisceana oscailte go mbíonn trédhearcacht le haghaidh gach infheisteora ar mian leo tairiscint a dhéanamh le haghaidh réadú an tionscadail fóirdheonaithe ([61]). Coinníoll fíor-riachtanach is ea í láimhseáil chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach na dtairgeoirí uile le haghaidh tairiscint oscailte.

(165) Sa chinneadh tosaigh, léirigh an Coimisiún amhras go raibh an nós imeachta tairisceana i gcomhréir le forálacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 i leith trédhearcachta. Mheas sé gur bhraith na critéir dhámhachtana a d'úsáid JCCM go suntasach ar chritéir mheastóireachta shuibiachtúla (féach aithris (48) thuas agus aithris (31) den chinneadh tosaigh).

(166) Tar éis an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, chinn an Coimisiún gur foilsíodh glao ar thairiscintí in Iris Oifigiúil Castilla-La Mancha an 13 Bealtaine 2010 agus go raibh gach gnóthas a bhí cláraithe mar oibreoirí cumarsáide leictreonaí le CMT incháilithe chun tairiscint a chur isteach (féach aithris (11) thuas).

(167) Leagadh amach agus míníodh go mion na critéir dhámhachtana a d'úsáid JCCM sna 'Sonraíochtaí Riaracháin Speisialta' agus sna 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta' agus bunaíodh iad, dá réir sin, roimh ré, i.e., sular foilsíodh an glao ar thairiscintí. Roghnaigh JCCM an modh 'Tairiscint is Buntáistí go hEacnamaíoch' seachas modh an phraghais is ísle, atá mar chleachtas caighdeánach le haghaidh tionscadail níos casta agus níos mó. Rinneadh foráil maidir le córas scórála suas le 100 pointe leis na critéir dhámhachtana. D'fhéadfaí 64 phointe san iomlán a bhaint amach trí 'chritéir oibiachtúla' a chomhlíonadh, amhail líon na dteaghlach breise a chumhdófar leis an líonra nua, cáilíocht na seirbhísí miondíola a thairgtear, an méid cistí is gá, etc. D'fhéadfaí 36 phointe san iomlán a bhaint amach trí 'chritéir shuibiachtúla', i gcás ina ndearna JCCM measúnú ar (i) an réiteach teicneolaíochta molta, (ii) an bonneagar molta agus bainistíocht fadhbanna, (iii) an méid cúnaimh agus tacaíochta molta ag an tairgeoir sa phróiseas a bhaineann leis an líonra a thabhairt ar ais do JCCM tar éis don chonradh dul in éag, (iv) tairiscint cheangailteach ionchasach an líonra a cheannach ó JCCM tar éis don chonradh dul in éag agus, (v) leibhéal an mhionsonraithe a thairgeann an tairgeoir ina phlean chun an líonra a thabhairt ar ais (féach aithris (15) thuas).

(168) Léiríodh na hualuithe a tugadh do gach critéar dámhachtana go soiléir sna 'Sonraíochtaí Riaracháin Speisialta', ag léiriú do gach critéar dámhachtana agus fochritéar an t-uaslíon pointí ar féidir a bhaint amach (féach aithris (16) thuas).

(169) Tugann an Coimisiún faoi deara gur critéir cháilíochtúla iad na 'critéir shuibiachtúla' i ndáiríre atá nasctha le hábhar an nós imeachta agus a bhaineann le saintréithe teicniúla agus feidhmiúla an líonra sa todhchaí, cothabháil, bainistíocht etc. Ceadaítear critéir den sórt sin a úsáid faoi rialacha soláthair phoiblí más rud é gur bunaíodh ualú gach critéir agus go ndearnadh iad trédhearcach roimh ré, mar is amhlaidh sa chás atá ann faoi láthair.

(170) Ina theannta sin, bhí na critéir uile, lena n-áirítear na 'critéir shuibiachtúla', nasctha le hábhar na tairisceana, agus liostaithe sna doiciméid tairisceana. Ní dhealraítear go bhfuil na 'critéir shuibiachtúla' míchuí ó tharla go raibh JCCM le bheith ina úinéir den bhonneagar leathanbhanda bhunúsaigh a bhí le bhunú agus gur dócha go mbeadh air oibriú an líonra a ghlacadh tar éis don chonradh a dámhadh dul in éag.

(171) Meastar, dá bhrí sin go raibh na 'critéir shuibiachtúla' a d'úsáid JCCM trédhearcach go leordhóthanach chun iad a chur i bhfeidhm ar bhealach oibiachtúil, coincréiteach, agus aonfhoirmeach ag JCCM.

([61]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 51(b).

(172) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur roghnaigh JCCM an tairbhí i nós imeachta tairisceana oscailte, i gcomhréir le forálacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 maidir le trédhearcacht.

5.3.7.3. An tairiscint ba mhó buntáiste eacnamaíoch

(173) I nós imeachta tairisceana oscailte, chun méid na cabhrach le deonú a laghdú, ag coinníollacha cáilíochta atá cosúil mura bhfuil siad díreach mar an gcéanna, ba cheart go bhfaigheadh an tairgeoir a bhfuil an méid cabhrach is ísle á iarradh aige níos mó pointí tosaíochta, i bprionsabal, laistigh den mheasúnú foriomlán ar a thairiscint ([62]). Mar pháirt den tairiscint ba mhó buntáiste eacnamaíoch áfach, cuirtear roinnt critéar san áireamh, ní hamháin an tairiscint is ísle. Chun an tairiscint ba mhó buntáiste eacnamaíoch a chinneadh, ba cheart don údarás dámhachtana a shonrú roimh ré an t-ualú coibhneasta a thabharfadh sé do gach critéar a roghnaíodh.

(174) Sa chinneadh tosaigh léirigh an Coimisiún amhras go raibh an nós imeachta tairisceana i gcomhréir le forálacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 maidir leis na ceanglais le haghaidh na tairisceana ba mhó buntáiste eacnamaíoch, ag áitiú gur tugadh ualú ró-bheag don chritéar dámhachtana maidir leis an méid cabhrach atá á iarradh ag an tairgeoir (níor tugadh ach 10/100 pointe, i.e. 10 % de na chritéir dhámhachtana uile) agus nach bhféadfadh tairiscintí dá réir sin an margadhluach a mheaitseáil (féach aithris (48) thuas agus aithris (31) den chinneadh tosaigh).

(175) Rinne JCCM na critéir dhámhachtana agus an t-ualú coibhneasta a thabharfadh sé do gach ceann acu a shonrú agus a chur in iúl roimh ré (féach aithrisí (15) agus (16) thuas).

(176) Chomhlíon 2 cheann as 5 cinn de na tairiscintí a cuireadh isteach sa nós imeachta tairisceana oscailte na ceanglais theicniúla a shonraítear sna doiciméid tairisceana agus rinne JCCM iad a mheas sa nós imeachta roghnúcháin (Telecom CLM agus Telefónica S.A.; féach aithris (22) thuas). Fuair an tairiscint ó Telecom CLM 76,13/100 pointe san iomlán (44,93 pointe le haghaidh 'critéir oibiachtúla' agus 31,2 pointe le haghaidh 'critéir shuibiachtúla') agus fuair tairiscint Telefónica 46,22/100 pointe san iomlán (26,07 pointe le haghaidh 'critéir oibiachtúla' agus 20,15 pointe le haghaidh 'critéir shuibiachtúla') (féach aithrisí (25) agus (26) thuas). Sa tairiscint ó Telecom CLM iarradh méid cabhrach níos lú ná a iarradh sa tairiscint ó Telefónica agus dá réir sin, fuarthas níos mó pointí le haghaidh an chritéir sin (1,76/10 i gcomparáid le 0,00/10) (féach aithrisí (23) agus (26) thuas).

(177) De réir na staidéar a rinne JCCM roimh sheoladh an tionscadail, níor dhócha go mbeadh an buiséad cabhrach a bhí le fáil sa mhéid de EUR 16 mhilliún leordhóthanach chun na sprioclimistéir éigeantacha agus roghnacha uile a chumhdach (féach aithris (13) thuas). Níor dhócha dá bhrí sin go mbeadh an critéar dámhachtana maidir leis an méid cabhrach a iarradh ina thoisc thábhachtach nó chinntitheach le haghaidh mheasúnú na tairisceana ba mhó buntáiste eacnamaíoch, ós rud é go rabhthas ag súil go n-iarrfadh formhór na dtairgeoirí, nó iad uile, méid iomlán na cabhrach a bhí ar fáil.

(178) Dhámh JCCM an conradh faoi dheireadh don tairgeoir sin leis an tairiscint a d'iarr an méid cabhrach is ísle. Thug JCCM don tairgeoir sin freisin an líon is airde pointí le haghaidh an chritéir dámhachtana maidir leis an méid cabhrach a iarradh (1,76/10 i gcomparáid le 0/10). Bheadh aon ualach níos airde ar an gcritéar dámhachtana sin chun tairbhe an tairbhí.

(179) Ní mheasann an Coimisiún a thuilleadh dá bhrí sin go raibh an t-ualach réasúnta íseal a tugadh don chritéar dámhachtana den mhéid chabhrach a iarradh mar chúis le cóir neamh-chomhionann nó idirdhealaitheach sa bheart ná gur mhéadaigh sé an méid cabhrach a deonaíodh ar deireadh. Tagann an Coimisiún ar an gconclúid go raibh measúnú JCCM ar an tairiscint ba mhó buntáiste eacnamaíoch, dá bhrí sin, i gcomhréir le Treoirlínte Leathanbhanda 2009.

5.3.7.4. Neodracht theicneolaíoch

(180) I bhfianaise gur féidir le seirbhísí leathanbhanda a sholáthar ar bhonneagair líonra éagsúla bunaithe ar theicneolaíochtaí sreangaithe, gan sreang agus móibíleacha, níor cheart do na Ballstáit a bheith i bhfabhar teicneolaíocht amháin ná ardán líonra ar leith mura féidir leo a léiriú go bhfuil bonn cirt oibiachtúil leis sin ([63]). Ba cheart do thairgeoirí a bheith i dteideal soláthar na seirbhísí leathanbhanda a cheanglaítear a mholadh ag úsáid nó ag comhcheangal cibé teicneolaíocht a mheasann siad is oiriúnaí.

([62]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 51(c).
([63]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 51(d).

(181) Sa chinneadh tosaigh chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le an mbeadh an tionscadal ag comhlíonadh choinníollacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 maidir le neodracht theicneolaíoch, ag áitiú go raibh an chuma air gur dhírigh JCCM an tionscadal ar theicneolaíocht gan sreang ar leith ós rud é go ndearna siad an buiséad a ríomh ar bhonn na gcostas cur chun feidhme le haghaidh líonra gan sreang agus go ndearna siad úsáid bonneagar teicneolaíochta ar leith a bhí ann cheana a spreagadh (féach aithris (48) thuas agus aithris (32) den chinneadh tosaigh). Le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, shuigh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) Ní raibh aon teorainn sna 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta' maidir le hailtireacht an líonra ná an teicneolaíocht a bhí le húsáid chun an tionscadal sin a réadú. Ní raibh incháilitheacht na dtairiscintí coinníollach ar chur chun feidhme réitigh theicneolaíoch shonraigh. Ní raibh ar thairgeoirí ach comhlíontacht leis na luasanna, an cháilíocht agus na coinníollacha a leagtar síos sna 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta' a áirithiú (féach aithrisí (17)-(20) thuas).

(b) Deimhnítear freisin neodracht theicneolaíoch na tairisceana le tairiscint Telefónica, a suíodh a bheith incháilithe agus a chomhlíon na ceanglais theicniúla a leagtar síos sna 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta'. Leis an tairiscint sin moladh réiteach de líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhí bunaithe ar thrí theicneolaíocht éagsúla (WIMAX, xDSL agus 3G), lena n-áirítear teicneolaíocht shreangaithe (xDSL) (féach aithris (26) thuas). Níor bhrath an tairbhí ar an réiteach WIMAX amháin ach oiread ach mhol réiteach a bhí bunaithe go páirteach ar theicneolaíocht satailíte (féach aithris (23) thuas).

(c) Maidir le hathúsáid fhéideartha bhonneagar DTT atá ann cheana, níor cheadaigh na 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta' ach úsáid bonneagair éighníomhach a cuireadh chun feidhme agus a úsáideadh le haghaidh chur i bhfeidhm an phlean maidir leis an aistriú chuig DTT i réigiún Castilla-La Mancha. Ní raibh tairgeoirí faoi oibleagáid brath ar an mbonneagar sin.

(d) Bhunaigh Telefónica a réiteach molta den chuid is mó ar a bhonneagar éighníomhach féin atá ann cheana le haghaidh líonraí móibíleacha gan dul i muinín líonra DTT a bhí ann cheana (féach aithris (26) thuas). Thairis sin, bhí oibleagáid chonarthach ar úinéirí uile de chomhpháirteanna bonneagair éighníomhaigh de líonra DTT rochtain a dheonú ar an mbonneagar sin do thríú páirtithe ar mhaithe le líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhunú (féach aithris (21) thuas). Bhí rochtain ar bhonneagar éighníomhach líonra DTT le fáil mar sin do na tairgeoirí ionchasacha uile, ní hamháin do Telecom CLM mar cheann de na húinéirí de chomhpháirteanna bhonneagar DTT. Deimhnítear leis sin go raibh an tairiscint oscailte a foilsíodh i mí na Bealtaine 2010 í (féach aithrisí (17)-(20) thuas) neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus gur tugadh an deis léi do gach tairgeoir bonneagar éighníomhach DTT a bhí ann cheana a úsáid, gan a úsáid a cheangal.

(e) Thairis sin, ní féidir an fhéidearthacht bonneagar líonra DTT a bhí ann cheana a úsáid a mheas mar theorainn ar réitigh theicneolaíocha chun líonra leathanbhanda bhunúsaigh a chur chun feidhme. Tá sé sin amhlaidh toisc nach féidir bonneagar gníomhach DTT a úsáid le haghaidh líonra leathanbhanda bhunúsaigh ([64]). Dá thoradh sin, níorbh fhéidir le haon réiteach teicneolaíoch le haghaidh líonra leathanbhanda bhunúsaigh amach anseo ach bonneagar éighníomhach líonra DTT a úsáid, i.e., na lárionaid tarchuir. Cheadófaí leis an mbonneagar éighníomhach suiteáil trealaimh ghníomhaigh éagsúil lena mbeifí in ann líonra leathanbhanda bhunúsaigh a bhunú.

(f) Maidir leis an maíomh go ndearna JCCM buiséad an tionscadail a ríomh bunaithe ar na costais chur chun feidhme le haghaidh líonra gan sreang, comhaontaíodh an buiséad de EUR 16 mhilliún i gcomhaontú comhair idir MARM agus JCCM ar chlár forbartha tuaithe inbhuanaithe a síníodh an 12 Samhain 2009. Mhínigh údaráis na Spáinne gurb é sin an buiséad uasta a bhí le fáil don tionscadal seo, gan beann ar an réiteach teicneolaíoch a úsáideadh.

(g) Ó mhí na Samhna 2008, rinne JCCM staidéir ar fhéidearthacht agus ar chostais chur chun feidhme líonra leathanbhanda bhunúsaigh a chumhdódh na ceantair 'bhána' uile i réigiún Castilla-La Mancha agus a dhírigh ar réiteach bunaithe ar theicneolaíocht gan sreang WIMAX. Léiríodh le torthaí na staidéar go mbeadh costas i bhfad níos mó ná EUR 16 mhilliún ar líonra leathanbhanda bhunúsaigh bunaithe ar an réiteach WIMAX a chumhdódh na ceantair 'bhána' uile sa réigiún (féach aithris (13) thuas). Léirigh anailís JCCM gur féidir an tionscadal a chur chun feidhme tríd an gcuid is mó de na sprioclimistéir a chumhdach leis an mbuiséad atá ar fáil le húsáid ar a laghad ceann de na cineálacha féideartha teicneolaíochta. Ní raibh an fíoras go ndearnadh na staidéir trí úsáid WIMAX mar an teicneolaíocht ábhartha, áfach, beartaithe chun na réitigh theicneolaíocha a mhol na tairgeoirí (Telecom CLM san áireamh) a theorannú (agus ní dhearna sé iad a theorannú i ndáiríre).

([64]) Dheimhnigh dlíodóir cáilithe seachtrach an tairbhí an méid sin ina ríomhphost chuig an gCoimisiún an 20 Bealtaine 2019.

(182) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin, i bhfianaise na faisnéise a fuarthas le linn an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, go raibh na doiciméid tairisceana neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, sa bhealach gur chomhlíon an tionscadal coinníollacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 maidir leis an gceanglas a bhaineann le neodracht theicneolaíoch.

5.3.7.5. Úsáid bonneagair atá ann cheana

(183) De réir Threoirlínte Leathanbhanda 2009, i gcás inar féidir, ba cheart go spreagfadh na Ballstáit tairgeoirí chun iontaoibh a bheith acu ar aon bhonneagar atá ann cheana atá ar fáil, chun dúbailt dhiomailteach nach gá acmhainní a sheachaint ([65]). Chun iarracht a dhéanamh an tionchar eacnamaíoch ar oibreoirí líonra atá ann cheana a theorannú, ba cheart an fhéidearthacht a thabhairt dóibh siúd a mbonneagar a chur ar fáil do thionscadal dá dtugtar fógra faoi.

(184) Thairg JCCM do na tairgeoirí uile an fhéidearthacht chun dul ar iontaoibh bhonneagar DTT a bhí ann cheana chun a dtairiscintí a chur isteach. An tráth céanna, níor ceanglaíodh orthu bonneagar DTT a úsáid. Bhí sé de shaoirse ag oibreoirí líonra a mbonneagair féin atá ann cheana a úsáid. Mar shampla, chuir Telefónica tairiscint isteach le tairiscint a bhí ag brath den chuid is mó ar a bhonneagar féin atá ann cheana. Fuarthas go raibh an tairiscint ó Telefónica incháilithe agus glacadh isteach sa nós imeachta roghnúcháin í.

(185) Ní raibh an fhéidearthacht dul ar iontaoibh bhonneagar DTT a bhí ann cheana i bhfabhar Telecom CLM mar cheann de na húinéirí de pháirteanna an bhonneagair sin toisc go raibh oibleagáid ar úinéirí éagsúla uile bhonneagar DTT (i.e., go leor bardais éagsúla, Telecom CLM agus cuideachta phríobháideach Abertis Telecom S.A.) rochtain a dheonú ar an mbonneagar sin do sholáthraí líonra chun líonra leathanbhanda bhunúsaigh a chur chun feidhme sa todhchaí. Níor tugadh buntáiste do Telecom CLM ach oiread leis an bhfíoras go raibh Telecom CLM ag oibriú líonra uile DTT an réigiúin toisc nárbh fhéidir ach an bonneagar éighníomhach a d'úsáid líonra DTT a athúsáid le haghaidh líonra leathanbhanda bhunúsaigh agus ní an trealamh é féin ar tacaíodh leis le cabhair níos luaithe agus a suiteáladh ar an mbonneagar éighníomhach agus a bhí ag oibriú ag Telecom CLM (féach freisin aithris (217) thuas).

(186) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur chomhlíon an tionscadal coinníollacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 maidir leis an gceanglas a bhaineann le húsáid bonneagair atá ann cheana a mheas.

5.3.7.6. Rochtain mhórdhíola éifeachtach

(187) Comhpháirt riachtanach d'aon bheart Stáit lena ndéantar tógáil bonneagair leathanbhanda a mhaoiniú is ea rochtain mhórdhíola éifeachtach tríú páirtithe ar bhonneagar leathanbhanda fóirdheonaithe a shainordú ([66]).

(188) Sa chinneadh tosaigh, chuir an Coimisiún amhras in iúl gur chomhlíon an tionscadal coinníollacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 maidir le rochtain mhórdhíola agus praghsáil rochtana mórdhíola, ag áitiú nach ndearnadh an beart a dhearadh go cuí *ex ante* toisc go bhfuair CMT amach ina dhiaidh sin, tar éis an chonartha a dhámhadh do Telecom CLM, go raibh na praghsanna rochtana mórdhíola a thairg Telecom CLM ró-ard (féach aithris (48) thuas agus aithris (33) den chinneadh tosaigh).

(189) Leis na doiciméid tairisceana bhí oibleagáid ar an tairgeoir rathúil pointe idirnaisc amháin ar a laghad a sholáthar ionas gur féidir le hoibreoirí líonra tríú páirtí an líonra a úsáid chun seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh a sholáthar d'úsáideoirí deiridh ar an leibhéal miondíola. I gclásal 4.2 de na 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta', chuir JCCM tairgeoirí faoi oibleagáid seirbhísí rochtana mórdhíola a thairiscint agus a áirithiú go mbeadh oibreoirí cumarsáide leictreonaí eile in ann seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh den cháilíocht, iontaofacht agus infhaighteacht chéanna a sholáthar d'úsáideoirí deiridh sna sprioclimistéir ar an leibhéal miondíola mar a ceanglaíodh sna 'Sonraíochtaí Teicniúla Speisialta' (féach aithris (18) thuas). Leis na doiciméid tairisceana dá réir sin rinneadh rochtain éifeachtach mhórdhíola ar an mbonneagar a shainordú do tríú páirtithe.

([65]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 51(e).
([66]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 51(f).

(190) Rinneadh foráil sa tairiscint ó Telecom CLM maidir le pointe idirnaisc a bhunú in Toledo agus bhí téarmaí agus coinníollacha inti maidir le rochtain ar shrutha giotán a dheonú d'oibreoirí líonra tríú páirtí (féach aithris (25) thuas). Ní raibh an rochtain mhórdhíola arna tairiscint ag Telecom CLM teoranta ó thaobh ama de. Chuir sí ar a gcumas d'oibreoirí tríú páirtí dul in iomaíocht le Telecom CLM ar an leibhéal miondíola, ag láidriú rogha agus iomaíochta sna sprioclimistéir agus cruthú monaplachta seirbhíse áitiúla le haghaidh Telecom CLM á seachaint an tráth céanna.

(191) Chun rochtain mhórdhíola éifeachtach a áirithiú agus saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh tarlú a íoslaghdú, is ríthábhachtach é praghsanna iomarcacha mórdhíola a sheachaint nó, os a choinne sin, praghsáil chreiche nó cúngaigh phraghais ag an tairgeoir roghnaithe. Ba cheart go mbeadh praghsanna rochtana mórdhíola bunaithe ar na meánphraghsanna mórdhíola foilsithe (rialáilte) atá i réim i limistéir eile inchomparáide, níos iomaíche den tír nó den Aontas nó, in éagmais praghsanna foilsithe den sórt sin, ar phraghsanna atá socraithe nó formheasta ag NRA cheana le haghaidh na margaí agus na seirbhísí lena mbaineann ([67]).

(192) Thairg Telecom CLM rochtain mhórdhíola ar shrutha giotán don líonra i dtosach le haghaidh EUR 34,50 nuair a thairg sé a phraghsanna miondíola míosúla d'úsáideoirí deiridh de EUR 37,50 (féach aithris (39) thuas).

(193) Tháinig an CLM ar an gconclúid ina chinneadh an 23 Meitheamh 2011 go raibh praghsanna rochtana mórdhíola tairgthe de chuid Telecom CLM róchóngarach do phraghsanna a bhí beartaithe ag Telecom CLM a ghearradh ar úsáideoirí deiridh ar an leibhéal miondíola le haghaidh a sheirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh. Tháinig CMT ar an gconclúid go raibh na praghsanna rochtana mórdhíola sin níos airde ná praghsanna eile ar rochtain ar shrutha giotán san earnáil (féach aithris (39) thuas). Thairis sin, shuigh CMT go mbeadh sé dodhéanta ag aon oibreoir líonra tríú páirtí a bhí ag ceannach rochtain ar an líonra leathanbhanda bhunúsaigh ó Telecom CLM ar an leibhéal mórdhíola brabús a dhéanamh as seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh ar an leibhéal mórdhíola d'úsáideoirí deiridh in iomaíocht le Telecom CLM (féach aithris (37) thuas). Chuir CMT de cheangal ar Telecom CLM dá bhrí sin a phraghsanna rochtana mórdhíola a ísliú. Dá thoradh sin, d'ísligh Telecom CLM a phraghsanna rochtana mórdhíola tairgthe níos mó ná 30 % faoin 29 Iúil 2011 (féach aithrisí (39) agus (40) thuas). D'fhormheas CMT, agus é á mheas go raibh an praghas nua i gcomhréir leis na meánphraghsanna ar rochtain ar shrutha giotán a bhíonn i réim sa Spáinn, an praghas rochtana mórdhíola nua de EUR 23,70 sna sprioclimistéir (féach aithris (39) thuas).

(194) Tugann an Coimisiún faoi deara gur réitíodh na heaspaí a bhaineann le praghas rochtana mórdhíola sa chonradh leasaithe sular féidir leo aon saobhadh iomaíochta a chruthú. Ar an gcéad dul síos, chuir CLM an laghdú níos mó ná 30 % dá phraghsanna rochtana mórdhíola chun feidhme i mí Iúil 2011, i.e., breis agus 1 bhliain amháin roimh thús oibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh i mí Mheán Fómhair 2012. Ní raibh aon tionchar ar iomaíocht ag na praghsanna rochtana mórdhíola arda tosaigh dá bhrí sin. Ní raibh rochtain tríú páirtí ar an líonra indéanta ach ó Mheán Fómhair 2012, nuair a bhí na praghsanna laghdaithe infheidhme cheana féin.

(195) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an meánphraghas rochtana mórdhíola leasaithe, arna bhformheas ag CMT, i gcomhréir leis na meánphraghsanna rochtana mórdhíola foilsithe a bhí i réim i limistéir eile níos iomaíche de Ríocht na Spáinne. Leis an bpraghas nua ar rochtain mhórdhíola ar shrutha giotán a thairg Telecom CLM agus a d'fhormheas CMT dá bhrí sin rinneadh dálaí an mhargaidh a mhacasamhlú agus rochtain mhórdhíola éifeachtach a áirithiú, ag íoslaghdú saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann.

(196) Chomhlíon an tionscadal, arna leasú, dá bhrí sin coinníollacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 maidir leis an gceanglas rochtain mhórdhíola éifeachtach a dheonú ar thríú páirtithe agus maidir le praghsáil.

5.3.7.7. Meicníocht aisghlámtha chun róchúiteamh a sheachaint

(197) Chun a áirithiú nach bhfuil an tairgeoir roghnaithe á róchúiteamh má fhásann an t-éileamh ar leathanbhanda sa sprioclimistéar os cionn na leibhéal réamh-mheasta, ba cheart do na Ballstáit sásra íocaíochta aisiompaithe a chur sa chonradh leis an tairgeoir rathúil ([68]).

([67]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 51(g).
([68]) Treoirlínte Leathanbhanda 2009 (fonóta 6 thuas), mír 51(h).

(198) Sa chinneadh tosaigh chuir an Coimisiún amhras in iúl gur chomhlíon an tionscadal coinníollacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 maidir le meicníocht aisghlámtha chun róchúiteamh a sheachaint, ag áitiú nach ndearnadh an beart a dhearadh go cuí *ex ante* toisc, nach raibh meicníocht aisghlámtha i dtosach sa chonradh a dámhadh do Telecom CLM agus nár thug JCCM sásra den sórt sin isteach tar éis idirghabháil CMT (féach aithris (48) thuas agus aithris (33) den chinneadh tosaigh).

(199) Ní raibh meicníocht aisghlámtha sa chonradh mar a dámhadh do Telecom CLM é. Cuireadh sásra den sórt sin chun feidhme áfach, sa chonradh idir JCCM agus Telecom CLM tar éis imscrúdú CMT agus fhormheas CMT den mheicníocht aisghlámtha le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012 (féach aithrisí (41)-(43) thuas), i.e. sular thosaigh Telecom CLM an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a oibriú (féach aithris (27) thuas). Tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur áirithigh an t-aisghlámadh a tugadh isteach sa chonradh gur íoslaghdaíodh an méid cabhrach.

(200) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nárbh fhéidir le haon tionchar ar iomaíocht a bheith ag an meicníocht aisghlámtha a bhí ar iarraidh i dtosach, toisc gur tugadh isteach sa chonradh é i bhfad sula bhféadfadh Telecom CLM aon bhrabús a dhéanamh ón líonra leathanbhanda bhunúsaigh a oibriú.

(201) Chomhlíon an tionscadal, arna leasú, dá bhrí sin coinníollacha Threoirlínte Leathanbhanda 2009 maidir leis an gceanglas foráil a dhéanamh do mheicníocht aisghlámtha sa chonradh leis an tairbhí.

5.3.7.8. Conclúid maidir le comhréireacht

(202) I bhfianaise na mbreithnithe ag aithrisí (156)-(201) thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an Státchabhair lena mbaineann agus an saobhadh iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann teoranta don íosmhéid is gá faoin mbeart.

5.3.8. **Éifeachtaí diúltacha ar iomaíocht agus ar thrádáil idir na Ballstáit**

(203) Le hAirteagal 107(3), pointe (c), CFAE ceanglaítear measúnú ar aon éifeacht dhiúltach ar iomaíocht agus trádáil sna margaí táirge ábhartha, is é sin, sa chás seo, chur chun feidhme agus oibriú líonra leathanbhanda bhunúsaigh agus soláthar seirbhísí leathanbhanda lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe, ar an leibhéal miondíola d'úsáideoirí deiridh.

(204) Ós rud é go raibh sprioclimistéir an bhirt ina limistéir 'bhána' de réir bhrí Threoirlínte Leathanbhanda 2009, i.e., limistéir gan rochtain ar leathanbhanda, ní dócha go dtiocfadh éifeachtaí suntasacha diúltacha ar iomaíocht as an mbeart de dheasca chur chun feidhme agus oibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a dtacaítear leis sna limistéir sin. Ní raibh aon oibreoir líonra leathanbhanda ann cheana sna sprioclimistéir arbh fhéidir go ndearnadh difear dóibh leis an gcur chun feidhme agus ní raibh sé i gceist ag aon duine acu dul isteach ann ar thréimhse ama ghearrthéarmach.

(205) Go teoiriciúil, d'fhéadfadh sé go ndearna gníomhaithe margaidh phríobháidigh a n-infheistíochtaí amach anseo i líonraí leathanbhanda sna sprioclimistéir nó gur chinn siad gan dul isteach sna margaí sna sprioclimistéir de dheasca chur chun feidhme agus oibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a dtacaítear leis ach níl aon eolas faighte ag an gCoimisiún chuige sin.

(206) Maidir leis an éifeacht ar thrádáil, ní léirítear le haon fhaisnéis atá i seilbh an Choimisiúin go raibh éifeacht iarmharta dhiúltach shuntasach ag an mbeart do Bhallstáit eile.

5.3.9. Éifeachtaí dearfacha na cabhrach a ualú in aghaidh aon éifeacht dhiúltach i dtéarmaí saofa iomaíochta agus éifeachtaí díobhálacha ar thrádáil

(207) Ba cheart do bheart Státchabhrach atá deartha go cúramach a áirithiú go mbeidh cothromaíocht fhoriomlán éifeachtaí an bhirt dearfach i dtéarmaí difear díobhálach a dhéanamh do choinníollacha trádála a sheachaint a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann.

(208) Chuir an beart a chuir JCCM i bhfeidhm le forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha den chur chun feidhme agus oibriú líonra leathanbhanda bhunúsaigh sna sprioclimistéir agus áirithíodh leis an infhaighteacht d'úsáideoirí deiridh, nach raibh rochtain ar leathanbhanda acu roimhe sin, de sheirbhísí leathanbhanda ar luasanna íoslódála 2 Mbps ar a laghad agus luasanna uaslódála 512 Kbps (féach aithris (126) thuas). Áirithíodh tuilleadh leis gur tairgeadh prótacal idirlín guthaithe do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí (féach aithris (126) thuas) agus cuireadh feabhas ar fheidhmíocht an líonra faoi dhó, ar dtús go dtí luas íoslódála 5 Mbps ar a laghad an 28 Aibreán 2014 agus ansin go dtí luas íoslódála 10 Mbps ar a laghad an 4 Bealtaine 2018 (féach aithris (134) thuas). Dá réir sin, leis an mbeart cuireadh chun cinn agus saothraíodh comhtháthú críochach, sóisialta, agus eacnamaíoch agus cuireadh le cuspóir an Chláir Oibre Dhigitigh a bhaint amach maidir le rochtain ar leathanbhanda a sholáthar do chách faoi 2013 (féach aithris (139) thuas).

(209) Ina theannta sin, i bhfianaise na hoibleagáide ar an tairbhí maidir le rochtain mhórdhíola, bhí éifeachtaí dearfacha ag an mbeart ní hamháin d'úsáideoirí deiridh ach d'iomaíocht sna sprioclimistéir freisin.

(210) Tugadh aghaidh leis an mbeart ina theannta sin ar theip mhargaidh (féach roinn 5.3.5 thuas) sa mhéid nach dtarlódh cur chun feidhme líonra leathanbhanda agus soláthar seirbhísí leathanbhanda miondíola d'úsáideoirí deiridh sna sprioclimistéir faoi thús oibriú an líonra leathanbhanda bhunúsaigh a dtacaítear leis i mí Mheán Fómhair 2012 gan an chabhair.

(211) Bhí an beart comhréireach freisin (féach roinn 5.3.7 thuas). Áirithíodh lena dhearadh go raibh sé teoranta don íosmhéid is gá agus go raibh teorainn leis na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar iomaíocht agus trádáil sna margaí le haghaidh tógáil agus oibriú líonraí leathanbhanda bhunúsaigh chomh maith le soláthar seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh lena n-áirítear prótacal idirlín guthaithe, ar an leibhéal miondíola d'úsáideoirí deiridh. Ceapadh an beart chun cosc a chur ar phlódú infheistíochtaí príobháideacha agus bhí a éifeachtaí srianta do na sprioclimistéir, i.e., ceantair bardas i réigiún Castilla-La Mancha a raibh meándaonra de 35 áitritheoir iontu, i gcás nach raibh aon rochtain ar leathanbhanda ag úsáideoirí deiridh agus nach raibh sé beartaithe ag infheisteoirí príobháideacha infheistíocht a dhéanamh gan an chabhair.

(212) Níl an Coimisiún ar an eolas faoi aon éifeacht dhiúltach ag an mbeart arbh fhéidir tionchar diúltach míchuí a bheith acu ar dhálaí trádála a mhéid a bheadh bunoscionn leis an leas comhchoiteann (féach roinn 5.3.8 thuas).

(213) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid go raibh údar oibiachtúil le deonú an chonartha do Telecom CLM chun aghaidh a thabhairt ar an easpa infhaighteachta de sheirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh sa 461 sprioclimistéar, i.e., ceantair iargúlta de go leor bardais éagsúla a bhí scaipthe ar fud réigiún Castilla-La Mancha.

(214) I bhfianaise an mhéid thuas agus shaintréithe foriomlána an bhirt agus na gcoimircí a cuireadh i bhfeidhm, is mó é tionchar dearfach na cabhrach ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha faoi thrácht ná aon éifeacht dhiúltach fhéideartha ar an iomaíocht agus an trádáil. Tríd is tríd, bhí an beart i gcomhréir le cuspóirí Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE agus ní dhearna sé difear díobhálach d'iomaíocht a mhéid atá contrártha don leas coiteann.

5.3.10. Athúsáid bhonneagar éighníomhach DTT

(215) Sa chinneadh tosaigh d'áitigh an Coimisiún, i gcomhréir leis an bprionsabal a bunaíodh i *gcás* Deggendorf ([69]), nach mór don fhíoras nár aisíoc Telecom CLM an chabhair a dearbhaíodh a bheith neamh-chomhoiriúnach don mhargadh inmheánach le cinneadh an Choimisiúin i gcás SA.27408 ([70]) a chur san áireamh i measúnú comhoiriúnachta an bhirt. Bhí an Coimisiún den tuairim, i bhfianaise gur bhraith tairiscint Telecom CLM ar éirigh léi ar úsáid líonra DTT a bhí ann cheana, a rinneadh é a chur chun feidhme le Státchabhair neamhdhleathach, gur dhócha gur cinntitheach an chabhair neamhdhleathach sin maidir le deonú an chonartha do Telecom CLM sa chás seo (féach aithris (48) thuas agus aithris (37) den chinneadh tosaigh).

([69]) Féach fonóta 19 thuas.
([70]) Féach fonóta 16 thuas.

(216) Sheas an Chúirt Bhreithiúnais le cinneadh an Choimisiúin i gcás SA.27408 in 2018 ([71]). De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún sa lá atá inniu ann, áfach, d'aisíoc Telecom CLM an chabhair a dearbhaíodh a bheith neamh-chomhoiriúnach don mhargadh inmheánach le cinneadh an Choimisiúin thuas luaite ina iomláine faoin 18 Lúnasa 2022.

(217) In aon chás, measann an Coimisiún freisin nár tháinig buntáiste cinntitheach maidir le deonú an chonartha a bhuachan sa chás atá idir lámha as an Státchabhair neamhdhleathach a deonaíodh agus a íocadh amach do Telecom CLM don aistriú chuig DTT i réigiún Castilla-La Mancha. Léiríodh leis an imscrúdú foirmiúil nár úsáid Telecom CLM ach bonneagar éighníomhach líonra DTT a bhí ann cheana, i.e., na lárionaid tarchuir, le haghaidh líonra leathanbhanda bhunúsaigh gan sreang a chur chun feidhme. Mar sin féin, bhí an bonneagar éighníomhach le haghaidh teilifíse trastíre i réigiún Castilla-La Mancha ann cheana féin den chuid is mó roimh an aistriú ó theilifís analógach chuig teilifís dhigiteach. Bhí sé comhdhéanta de thart ar 500 lárionad tarchuir san iomlán, ar le Telecom CLM 138 acu (féach aithris (33) thuas). Níor thóg Telecom CLM ach 20 lárionad tarchuir breise leis an Státchabhair neamhdhleathach ó chás SA.27408, ní bhfuair siad úinéireacht ach ar 6 cinn agus níor athúsáid siad ach ceann amháin de na lárionaid tarchuir bhreise sin le haghaidh an líonra leathanbhanda bhunúsaigh sa chás atá idir lámha (féach aithris (33) thuas agus fonóta 15 above). Chun rochtain a fháil ar an gcuid eile den bhonneagar éighníomhach, níor mhór do Telecom CLM an nós imeachta céanna a leanúint agus a leanann aon oibreoir tríú páirtí leasmhar eile, is é sin, rochtain a fháil ar an mbonneagar sin ó úinéirí na lárionad tarchuir sin. D'úsáid Telecom CLM an chabhair neamhdhleathach chun críocha an aistrithe chuig teilifís trastíre digiteach den chuid is mó chun an bonneagar éighníomhach a bhí ann cheana a threalmhú leis an trealamh gníomhach DTT (féach aithris (33) thuas). Níorbh fhéidir, áfach, an trealamh gníomhach DTT sin a athúsáid chun seirbhísí leathanbhanda bhunúsaigh a sholáthar. Dá réir sin, rinneadh méid na cabhrach neamhdhleathaí a fuair Telecom CLM faoi scéim DTT faoi réir chás SA.27408 atá ábhartha maidir leis an mbeart a theorannú do chostais tógála lárionaid tarchuir bhreise, ar le Telecom CLM é agus athúsáidte le haghaidh an líonra leathanbhanda bhunúsaigh faoi réir an cháis atá idir lámha.

(218) Thairis sin, cuireadh bonneagar DTT ar fad a bhí ann cheana, lena n-áirítear na lárionaid tarchuir a tógadh le cabhair neamhdhleathach, ar fáil do na tairgeoirí leasmhara uile, ní hamháin do Telecom CLM. Go deimhin, bhrath ceithre as gach cúig thairgeoir ar úsáid líonra DTT a bhí ann cheana (féach aithris (21) thuas).

(219) I bhfianaise an mhéid thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nár tugadh leis an Státchabhair neamhdhleathach a chumhdaítear leis an gcinneadh i gcás SA.27408 agus a fuair Telecom CLM buntáiste cinntitheach dó sa tairiscint do dhámhachtain an chonartha sa bheart. Dá bhrí sin, ní dhearna an chabhair neamhdhleathach cabhair ón gcás SA.27408 an nós imeachta tairisceana idirdhealaitheach.

6. **CONCLÚID**

(220) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir Ríocht na Spáinne an beart chun feidhme go neamhdhleathach i bhfabhar Telecom CLM de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE. Mar sin féin, leis an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil díbríodh an amhras a cuireadh in iúl sa chinneadh tosaigh an 19 Iúil 2017 maidir le comhoiriúnacht na cabhrach agus bunaíodh gur comhlíonadh ceanglais Threoirlínte Leathanbhanda 2009. Bhí an dámhachtain conartha do Telecom CLM i mí Lúnasa 2010, mar a leasaíodh, dá bhrí sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An Státchabhair a chuir Ríocht na Spáinne chun feidhme ar son Telecom CLM i bhfoirm dáfa conartha chun líonra leathanbhanda bhunúsaigh gan sreang a bhunú agus a oibriú sna ceantair iargúlta de réigiún Castilla-La Mancha, mar a leasaíodh, tá sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([71]) Féach fonóta 17 thuas.

Airteagal 2

Is ar Ríocht na Spáinne atá an Cinneadh seo dírithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Comhalta den Choimisiún